Cuntas Leithreasa 2020

# Vóta 37

# Coimirce Shóisialach

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 37, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus costais Oifig an Aire Coimirce Sóisialaí, ar sheirbhísí áirithe a riar an Oifig sin d'íocaíochtaí leis an gCiste Árachais Shóisialaigh (CÁS) agus ar dheontais áirithe.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna:

(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain (vótáil Dáil Éireann Meastacháin Athbhreithnithe Bhreise an 18 Samhain 2020), agus

(b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí soláthair caipitil in 2020 as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2019, faoi na socruithe iarchurtha ghéillte a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais, 2004.

Tá farasbarr €861.943 milliún le géilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

***Soláthar seirbhísí gníomhaireachta***

Leanann an Roinn ag gníomhú mar ghníomhaire íocaíochta don Roinn Airgeadais ar mhaithe le dliteanais fhaofa íocaíochtaí cnapshuime phinsinéirí Chriostal Phort Láirge a íoc agus íocaíochtaí pinsean leanúnacha Chriostal Phort Láirge a dhéanamh faoi Alt 48B d'Acht na bPinsean, 1990, arna chur isteach le halt 4 den Acht Leasa Shóisialaigh agus Pinsean (Uimh. 2), 2014. Tarraingíonn an Roinn maoiniú anuas ón bPríomh-Chiste agus aistríonn an Roinn é chuig an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte, a chuir tús leis na híocaíochtaí aonair a phróiseáil ó mhí Dheireadh Fómhair 2017. Déanann an Roinn Airgeadais na suimeanna a íocadh a thuairisciú sna Cuntais Airgeadais.

***Bearta éigeandála***

Íocadh €5 billiún san iomlán amach in 2020 maidir leis an Íocaíocht Dífhostaíochta Paindéime, a tugadh isteach i mí an Mhárta 2020. Íocadh €1.3 billiún ó Vóta 37 agus íocadh an fuílleach (€3.7 billiún) ón gCiste Árachais Shóisialaigh.

Rinne na Coimisinéirí Ioncaim an Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá (SFSP) agus an Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta (SFPF) a riar thar ceann na Roinne. Gearradh íocaíochtaí iomlána €4.07 billiún ar Vóta 37 don bhliain 2020 — €2.7 billiún maidir le SFSP, a oibríodh ó mhí an Mhárta go mí Lúnasa 2020 agus €1.37 billiún maidir le SFPF, a oibríodh ón 1 Meán Fómhair 2020.

Cuirtear sonraí breise faoi bhearta éigeandála san áireamh sa Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais thíos.

***Aistriú feidhmeanna***

Aistríodh an fhreagracht as gnóthaí fostaíochta an 14 Deireadh Fómhair 2020 ón Roinn seo go dtí an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta (RGFN). Athraíodh ainm na Roinne seo ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí go dtí an Roinn Coimirce Sóisialaí.

I measc na bhfeidhmeanna a aistríodh, bhí freagracht as an gCoimisiún um Pá Íseal agus feidhmeanna gaolmhara AE agus idirnáisiúnta. Ar aon dul leis na socruithe cuntasaíochta a leagann Cuntasaíocht an Rialtais amach, léirítear sna *Meastacháin Athbhreithnithe do Sheirbhísí Poiblí 2020* aistriú fheidhmeanna na Roinne ar bhonn bliana iomláine. Léirítear sa chuntas leithreasa, freisin, nach mór dó cloí le foirm agus formáid an mheastacháin ábhartha, an t-aistriú feidhmeanna thuas ar bhonn bliana iomláine. Ba é an meastachán bliana iomláine ar leithdháiltí ollphá agus neamhphá a bhaineann leis an aistriú feidhmeanna ná €1.553 milliún.

# Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a ullmhú, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gCiorclán 22 de 2020, i bhfeidhm agus an cuntas seo á ullmhú, seachas na nithe seo a leanas:

***Ró-íocaíochtaí a aisghabháil***

Cuirtear aisghabháil fiachais i dtaca le ró-íocaíochtaí scéime ginearálta/tacaíochta ioncaim i gcuntas mar seo a leanas.

- Cuirtear aisghabhálacha airgid thirim agus asbhainte i gcuntas ar an dáta a dhéantar iad a mheaitseáil i gcoinne an tsealbhóra ábhartha fiachais. Coimeádtar suimeanna neamh-mheaitseáilte aisghabhála ar fionraí agus cuirtear i gcuntas iad mar ioncam, agus laghdú comhfhreagrach á dhéanamh ar fhiachas nuair a aithnítear iad. Mar gheall gurb é Vóta 37 an príomhfhaighteoir fáltas ró-íocaíochtaí, coimeádtar fáltais neamh-mheaitseáilte i gcuntas fionraí Vóta 37 ar feitheamh réitigh agus cuirtear iad i gcuntas i Vóta 37 nó sa Chiste Árachais Shóisialaigh (CÁS), de réir mar is cuí.
- Caitear le haisghabhálacha airgid thirim agus asbhainte i dtaca le blianta cuntasaíochta roimhe seo mar ioncam don bhliain reatha chuntasaíochta. Déantar aisghabhálacha airgid thirim agus asbhainte i dtaca leis an mbliain reatha chuntasaíochta a ghlanluacháil i gcoinne an chaiteachais don bhliain reatha chuntasaíochta.

***Íocaíochtaí a aithint***

Is ionann íocaíochtaí agus na suimeanna a íoctar i rith na bliana. Meastar go bhfuil suimeanna tagtha isteach nuair a bhíonn íocaíocht á déanamh sa chás gur tabhaíodh an dliteanas, go bhfuil an íocaíocht dlite agus gur cuireadh an treoir don íocaíocht (seic nó ríomhaistriú airgid) i bhfeidhm ar an gcóras ábhartha íocaíochta. Aithnítear íocaíochtaí leasa airgid thirim a dhéantar trí An Post nuair a íoctar amach iad. Sa chás go dtagann an gnáthdháta íocaíochta aníos ar lá saoire bainc, d'fhéadfadh gur ghá íocaíochtaí a eisiúint go luath. Ag deireadh na bliana, is gnách go n-aithnítear íocaíochtaí a eisíonn bainc trí ríomhaistriú airgid nó trína dtiontú ina n-airgead go luath ag custaiméirí in oifigí poist, a thagraíonn don bhliain ina dhiaidh sin, mar réamhíocaíochtaí. Anuas air sin, eisíonn an Roinn cistí faoi shocruithe nua baincéireachta a cuireadh i bhfeidhm i rith 2020 chuig an mbanc lá amháin sula ndéantar íocaíochtaí custaiméara. Cuirtear na híocaíochtaí maoinithe san áireamh freisin i réamhíocaíochtaí scéime.

# An Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gCóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m'oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart, agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Próiseas leanúnach atá sa chóras rialuithe inmheánacha airgeadais a chothabháil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

***Seirbhísí comhroinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le ceanglais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte chun seirbhís chomhroinnte acmhainní daonna agus párolla a sholáthar.

Braithim ar litir dearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta le haghaidh na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go ndéantar na rialuithe cuí a chur i bhfeidhm agus seirbhísí comhroinnte á soláthar don Roinn.

Seo a leanas an staid maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal bainistíochta agus sannadh an fhreagracht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm agus mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais á gcomhlíonadh agam.
- Rinneadh nósanna imeachta do gach príomhphróiseas gnó a dhoiciméadú.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Sócmhainní caipitil a rialú***

Leanadh in 2020 le plean ilbhliana le dul i ngleic le haithint sócmhainní, díscríobh agus aistrithe, clibeáil sócmhainní agus fardail thréimhsiúla ina measc, a cuireadh i bhfeidhm i dtosach in 2019.

Lean an Roinn lena hathbhreithniú ar an gclár sócmhainní i rith 2020. Sainaithníodh bogearraí sócmhainní TF sa chlár dá bharr a d'imigh as feidhm, roinnt sócmhainní crua-earraí TF a athsholáthraíodh agus sócmhainní troscáin agus feisteas ar a raibh luachanna sócmhainne aonair faoi €1,000. Rinne an Roinn sócmhainní a chaipitliú roimh 2019 a bhí faoi bhun na tairsí €1,000. Díscríobhadh thart ar luach €35.2 milliún de na catagóirí seo sócmhainní in 2020. Is ionann glanluach leabhar na sócmhainní seo agus nialas. Tá glanadh leanúnach shonraí an chláir sócmhainní ar bun lena chinntiú gur féidir sócmhainní a rianú ón gclár sócmhainní siar go fardal fisiciúil nó a chomhionann.

Forbraíodh formáid nua chlibe/bharrachóid in 2019 i gcomhar lenár gconraitheoirí tacaíochta TF. Tá an fhormáid bharrachóid do shócmhainní comhoiriúnach do phleananna Seirbhísí Comhroinnte Bainistíochta Airgeadais amach anseo. Tháirg an Roinn clibeanna do bhreiseanna 2018 agus 2019, agus ceanglaíodh iad seo leis na sócmhainní ábhartha i rith 2020. Mar gheall ar shrianta leanúnacha a bhain le Covid-19, níor tairgeadh aon chlibeanna eile. Atosófar ar shócmhainní a chlibeáil níos déanaí in 2021.

Rinne córas Lansweeper scanadh sceidealaithe seachtainiúil ar chrua-earraí agus bogearraí TF. Is féidir leis an Roinn tuairiscí a chur ar siúl ar bhonn seachtainiúil, míosúil nó ad hoc lena dheimhniú cé na sócmhainní TF atá nasctha le líonra na Roinne.

I ndiaidh athbhreithniú mór a dhéanamh ar an gclár sócmhainní a luaitear thuas, tá sé ar intinn ag an Roinn sonraí fardail a sheoladh in 2021 chuig réimsí gnó lena dheimhniú gurb ann do throscán agus feistis. Chuir an phaindéim atá buailte linn faoi láthair agus na socruithe oibre a cuireadh i bhfeidhm ina dhiaidh sin don iomad ball foirne den Roinn moill ar an bpróiseas seo. A luaithe a atosófar seo, críochnófar an próiseas seo ar bhonn rothlach le cumhdach na réimsí go léir a chinntiú faoi cheann roinnt blianta.

Luaitear i gCiorclán 27/2019 ó RCPA nár cheart sócmhainní a chosain ní ba lú ná €10,000 a chur san áireamh sa ráiteas ar shócmhainní caipitil sna cuntais leithreasa. Aithníodh, mar gheall ar thionchar na paindéime in 2020 agus ar mhoilleanna a bhí ar roinnt ceisteanna a thabhairt chun críche a eascraíonn as an mbeartas nua sócmhainní caipitil, nach dtuairisceodh na Ranna go léir ar bhonn na socruithe nua seo do chuntas 2020. Dá réir, is féidir le Ranna, ar bhonn aonuaire, leanúint le tuairisciú a dhéanamh ar an tseantairseach €1,000 a bhí i bhfeidhm ar chuntas 2020. Faoi mar a bhforáiltear dó i gCiorclán 1 de 2020, chuir an Roinn tairseach €1,000 i bhfeidhm chun a sócmhainní caipitil a chaipitliú don tréimhse ó Eanáir go Márta 2020. Ba é costas na sócmhainní seo €49,000. Níl sócmhainní atá faoi bhun na tairsí €10,000 á gcur ag an Roinn leis an gclár a thuilleadh ó Mhárta 2020. Déanfar athbhreithnithe breise lena chinntiú go bhfuil aon bhreiseanna amach anseo os cionn na tairsí atá i bhfeidhm lena gcur san áireamh ar an gclár sócmhainní seasta.

***Réitigh fiachais***

Ceadaíonn córas cuntasaíochta fiachais agus fáltas (CCFF) na Roinne fiachas a thaifeadadh agus a bhreacadh go huathoibríoch a rinneadh a aisghabháil ina hoifigí áitiúla, óna cuntais bhainc fáltais agus trí asbhaint a dhéanamh ó íocaíochtaí na Roinne le custaiméirí.

Ó tugadh CCFF isteach go déanach in 2014, rinneadh tagairt sna ráitis bhliantúla faoi rialú inmheánach airgeadaisdo dhifríochtaí neamhréitithe maidir le féichiúnaithe a bhain le CCFF, suimeanna a aisghabhadh agus iarmhéideanna bainc agus airgid thirim. Chuir an Roinn acmhainní breise i bhfeidhm sa réimse seo agus tá dul chun cinn suntasach déanta aici ar dhul i ngleic leis na saincheisteanna seo.

***Suimeanna neamh-mheaitseáilte***

Déanann custaiméirí ró-íoctha aisíocaíochtaí, amanna, gan dóthain sonraí le ceangal a dhéanamh idir an fiachas seo agus a bhfiachas atá le híoc go fóill. Mar thoradh air sin, i gcásanna áirithe, tá srian ar an Roinn na suimeanna seo a shainaithint agus a mheaitseáil leis an gcustaiméir. Ó cuireadh CCFF i bhfeidhm in 2014, próiseáladh breis agus €475 mhilliún d’fháltais agus aisghabhálacha ró-íocaíochtaí asbhainte scéime. Amhail an 31 Nollaig 2020, is é an tsuim iomlán a cuireadh i gcuntas i gcóras cuntasaíochta na Roinne i dtaobh aisghabhálacha neamh-mheaitseáilte ró-íocaíochtaí €4.7 milliún (1%) (2019: €3.2 milliún). D’fhéadfaí a áireamh le suimeanna neamh-mheaitseáilte suimeanna a próiseáladh sular tháinig fiachais agus íocaíochtaí custaiméara aníos a dteastaíonn aisíocaíochtaí uathu.

Leanann an obair ar na suimeanna neamh-mheaitseáilte seo a réiteach ach bhí an dul chun cinn ní ba mhoille ná mar a bhí coinne leis mar gheall ar athruithe soláthar foirne in 2020 agus ar an tionchar a d’imir Covid-19. Is éard a bhaineann leis an obair atá á déanamh: (a) fáltais neamh-mheaitseáilte chustaiméara atá ar fionraí ar CCFF a réiteach le fáltais neamh-mheaitseáilte ar chóras cuntasaíochta na Roinne agus (b) anailís ar aois na bhfáltas siúd d’fhonn na suimeanna siúd a chur i gcuntas, go buan, a rinneadh a imscrúdú go hiomlán ach nár réitíodh.

***Tionchar Covid-19***

I rith 2020, phróiseáil an Roinn 1.4 milliún éileamh ar an Íocaíocht Dífhostaíochta Paindéime (ÍDP). Mhaoinigh an Roinn an Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá (SFSP) agus an Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta (SFPF) a rinne na Coimisinéirí Ioncaim a riar agus a íoc.

*An Íocaíocht Dífhostaíochta Paindéime*

Thug an Rialtas ÍDP Covid-19 isteach an 13 Márta 2020 mar scéim éigeandála chun cúnamh airgeadaíochta a sholáthar d'fhostaithe agus daoine féinfhostaithe a chaill a bpost mar thoradh ar an bpaindéim. Bunaíodh ÍDP faoi Alt 202 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005, rud lena bpléitear le liúntas leasa forlíontach a dheonú i gcásanna ina bhfuil géarghá leis.

Leagtar bonn reachtúil discréideach faoi ÍDP san Acht Leasa Shóisialaigh (Covid-19) (Leasú), 2020, a achtaíodh an 5 Lúnasa 2020, faoi Chuid 2 den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005.

Íocadh as íocaíochtaí scéime ón Vóta i dtosach. Foráladh in Alt 6 den Acht gur cheart a áireamh leis an sochar atá le híoc ón gCiste Árachais Shóisialaigh (CÁS) na suimeanna siúd a mheasfaidh agus a chomhaontóidh an tAire leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun caiteachas ÍDP a réamhachtú. Breis agus €1.8 billiún a bhí i gceist leis an tsuim a cinneadh agus fuarthas cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (RCPA) dó, agus gearradh é seo ina dhiaidh sin ar CÁS.

B'ionann caiteachas iomlán ar ÍDP i rith 2020 agus €5 billiún, a bhí roinnte idir an Vóta (€1.3 billiún) agus CÁS (€3.7 billiún).

Nuair a chuirtear san áireamh an líon an-mhór éileamh, na réamh-mheastacháin maidir le ráta dóchúil ionfhabhtaithe Covid-19 i measc an daonra, foireann na Roinne san áireamh, a dhéanfadh difear don acmhainn chun éilimh a phróiseáil, agus do na tosca uileghabhálacha sláinte poiblí agus tosca uileghabhálacha leas an phobail, níorbh fhéidir ná níor chuí gach ceann de na gnáthsheiceálacha rialaithe a dhéanamh nuair a bhí éilimh á gclárú. Próiseáladh na héilimh go léir i dtosach ar bhunráta singil €203 don chéad seachtain, agus an tsuim seo á méadú go €350 sa tseachtain ina dhiaidh sin.

Chruthaigh an cur chuige leibhéal méadaithe riosca – i dtaobh an leibhéil rialaithe a cuireadh i bhfeidhm ar an scéim agus maidir le teicneolaíocht faisnéise freisin, inar tógadh agus inar cuireadh córas nua íocaíochta i bhfeidhm, go héifeachtach, laistigh de thréimhse ní ba ghiorra ná seachtain.

Cé nach gnách liom, mar Oifigeach Cuntasaíochta, glacadh le leibhéal chomh méadaithe sin de riosca, bhí mé sásta an uair seo go raibh an cur chuige a glacadh riachtanach agus comhréireach agus go raibh sé ar mhaithe le leas an phobail.

Bhí mé sásta freisin go ndearna roinnt bunseiceálacha rialaithe agus cáilitheachta an riosca a mhaolú beagán. Chaith na seiceálacha seo súil ar réimse saincheisteanna, aois, seoladh, baint le fostaíocht, bailíocht UPSP, éileamh dúblach a dhéanamh agus a chinntiú nach raibh aon fhorluí ann i gcásanna ina raibh íocaíocht á fáil ag daoine aonair freisin trí SFSP. Nuashonraíodh cláir rioscaí agus pleananna gnó na Roinne chun na rioscaí a bhaineann le héilimh a phróiseáil i rith Covid-19 a shainaithint agus chun déileáil leo.

I rith 2020, mar gheall ar an tionchar a d'imir srianta sláinte poiblí, bhí foireann na Roinne le hath-imlonnú go forleathan laistigh den Roinn agus bhí srianta le cur i bhfeidhm ar ghluaiseacht phearsanta agus ar idirghníomhú agus d'imir seo tionchar ollmhór ar an margadh saothair agus tháinig méadú ar dhífhostaíocht dá bharr nach raibh súil leis. Sa chomhthéacs seo, bhí roinnt de na gnáthbhearta rialaithe a d'oibreofaí i dtimpeallacht chaighdeánach (mar shampla, cuardaitheoirí poist a ghairm chun freastal ar agallaimh in ionaid Intreo) le ciorrú nó le cur ar fionraí. Ba chuí agus ba chomhréireach na bearta ar tugadh fúthu chun na srianta sláinte poiblí a chomhlíonadh agus chun a chinntiú go bhféadfadh an Roinn acmhainní foirne a imlonnú chun aghaidh a thabhairt ar an tasc ar tugadh tús áite dó - éilimh a bhain le Covid-19 a phróiseáil, a íoc agus a choimeád ar fáil. Sa chás gurbh fhéidir, agus sa chás go raibh an fhoireann ar fáil agus gur ceadaíodh é seo faoi na srianta sláinte poiblí, rinneadh na bearta siúd rialaithe a chur ar bun arís nó baineadh a laghad úsáide agus ab fhéidir as modhanna eile (e.g. agallaimh ar an nguthán le custaiméirí).

Thug Feidhm Iniúchóireachta Inmheánaí na Roinne faoi iniúchadh i rith 2020 ar ÍDP, ina ndearnadh athbhreithniú ar shampla fánach íocaíochtaí. Ghabh an bhainistíocht uirthi féin déileáil le haon saincheisteanna a tháinig chun solais.

*An Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá (SFSP)/an Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta (SFPF)*

I rith 2020, riar na Coimisinéirí Ioncaim íocaíocht SFSP agus SFPF thar ceann na Roinne Coimirce Sóisialaí mar chuid d'fhreagairt an Rialtais do ghéarchéim Covid-19.

Oibríodh SFSP, ar bhain an reachtaíocht leis faoi alt 28 den Acht um Bearta Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail (Covid-19), 2020, ón 26 Márta 2020 go dtí an 31 Lúnasa 2020.

Tháinig SFPF, a d'fhógair an Rialtas an 23 Iúil 2020, in ionad SFSP ón 1 Meán Fómhair 2020. Cuireadh síneadh leis an scéim seo go dtí an 31 Nollaig 2021.

Reachtaíodh do SFPF san Acht um Fhorálacha Airgeadais (Covid-19) (Uimh. 2), 2020, lenar cuireadh alt 28B isteach san Acht um Bearta Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail (Covid-19), 2020.

Braithim ar litreacha dearbhuithe a iarrtar agus a fhaightear ó Chathaoirleach na gCoimisinéirí Ioncaim á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí maidir le riar agus íocaíochtaí a dhéantar faoin dá scéim.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe:

- go bhfuil córas cuí buiséadta ann ag a bhfuil buiséad bliantúil ar a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú leanúnach
- go ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a thugann feidhmíocht airgeadais le fios i leith feidhmíocht thuartha
- go n-oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- go bhfuil na treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus na disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann
- go gcinntíonn an Roinn go bhfuil díriú cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú.

***Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí sa Roinn ag a bhfuil an pearsanra ar ar cuireadh an oiliúint chuí, a oibrítear i gcomhréir le cairt scríofa a d'fhaomh mé. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn neamhchosanta orthu faisnéis ar fáil don obair iniúchóireachta inmheánaí, agus bíonn a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chuimsiú ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. I gcomhar leis an gCoiste Iniúchóireachta, déanaim athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar tuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí a fhiosrú.

***Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair***

Deimhním go gcinntíonn an Roinn go bhfuil díriú cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh gach treoirlíne ábhartha a chinntiú.

Chomhlíon an Roinn na treoirlínte seachas i gcás 92 chonradh (ar a raibh luach breis agus €25,000), agus b'ionann a luach iomlán agus €32,886,984 (gan CBL a áireamh), faoi mar a leagtar amach thíos:

- Cúig chonradh soláthraí seirbhíse is fiche ar a raibh caitheamh iomlán €18,156,258 in 2020 chun seirbhísí fostaíochta áitiúla a sholáthar ar fud an Stáit. Níorbh fhéidir an mhoill a sheachaint a cuireadh ar chéimeanna leis na conarthaí seo a thabhairt chun rialtachta mar gheall ar an bpaindéim. Foilsíodh iarraidh ar thairiscintí (IAT) ar chomhairleoireacht soláthair agus é ina chuspóir conarthaí iomaíocha a chur i bhfeidhm do na seirbhísí seo.
- Ceithre chonradh soláthraí seirbhíse is fiche ar a raibh caitheamh iomlán €8,844,483 in 2020 chun Seirbhís EmployAbility a sholáthar ar fud an Stáit. Níorbh fhéidir an mhoill a sheachaint a cuireadh ar chéimeanna leis na conarthaí seo a thabhairt chun rialtachta mar gheall ar an bpaindéim. Foilsíodh iarraidh ar thairiscintí (IAT) ar chomhairleoireacht soláthair agus é ina chuspóir conarthaí iomaíocha a chur i bhfeidhm do na seirbhísí seo.
- Daichead conradh soláthraí seirbhíse ar a raibh caitheamh iomlán €4,452,585 in 2020 chun seirbhís Clubanna Post (JobsClubs) a sholáthar ar fud an Stáit. Níorbh fhéidir an mhoill a sheachaint a cuireadh ar chéimeanna leis na conarthaí seo a thabhairt chun rialtachta mar gheall ar an bpaindéim. Foilsíodh iarraidh ar thairiscintí (IAT) ar chomhairleoireacht soláthair agus é ina chuspóir conarthaí iomaíocha a chur i bhfeidhm do na seirbhísí seo.
- Ba mhoill a bhí ar an bhfáil a bhí ar chreat na hOifige um Sholáthar Rialtais (OSR) ba chúis le conradh amháin ar ar caitheadh €1,157,389. Tá conradh nua i bhfeidhm ón 01/10/2020 don tseirbhís seo ó chreat OSR.
- Tugadh conradh seirbhísí amháin d'aistriúcháin ar caitheadh €175,572 air anonn mar gheall go ndearnadh agóid dhlíthiúil in aghaidh na hIarrata ar Thairiscintí. Tá IAT nua á dhréachtú don tseirbhís seo faoi láthair.
- Caitheadh €100,697 in 2020 ar chonradh soláthair amháin do pháipéarachas. Ba ghá an conradh a thabhairt anonn fad a bhí an Roinn ag feitheamh le hagóid dhlíthiúil ar chreat na hOifige um Sholáthar Rialtais a thabhairt chun críche. Cuireadh conradh nua i bhfeidhm ó shin i leith.

***Creat riosca agus rialaithe***

Chuir an Roinn córas bainistíochta riosca i bhfeidhm a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun dul i ngleic leo agus, a mhéid agus is féidir, na rioscaí siúd a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh an Roinn agus rinneadh iad seo a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú i dtaobh a thábhachtaí atá siad. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus an réimse gnó atá freagrach as na gníomhartha rioscaí.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl go tráthúil dóibh siúd atá freagrach as dul i mbun gníomh ceartaitheach agus don bhainistíocht agus an Bord Bainistíochta, sa chás gurb iomchuí. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe siúd agus aon easnaimh a thugtar le fios a shainaithnítear.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais curtha ar an eolas ag an obair a dhéanann na hiniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus an bhainistíocht shinsearach laistigh den Roinn atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh airgeadais.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Leagadh amach thuas an tionchar a d'imir bearta bunriachtanacha Covid-19 ar an timpeallacht rialaithe. Níor sainaithníodh aon laigí eile i rialú inmheánach airgeadais maidir leis an mbliain 2020 óna dteastaíonn nochtadh sa chuntas leithreasa.

**John McKeon**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Coimirce Sóisialaí

21 Méan Fómhair 2021

# An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

# Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

# Vóta 37 Coimirce Shóisialach

## Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 37 Coimirce Sóisialta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 37 Coimirce Sóisialta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Coimirce Sóisialta agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

## Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

### *Rialtacht na n-íocaíochtaí leasa shóisialaigh*

I gCaibidil 9 den tuarascáil uaim maidir le cuntais na seirbhísí poiblí do 2020, tagraítear d'íocaíochtaí leasa ar mhó iad ná an teidlíocht a bheith ar áireamh sa chuntas leithreasa do Vóta 37 do 2020. Measaim an leibhéal measta íocaíochta neamhrialta a bheith ábhartha.

### *Achomhairc leasa shóisialaigh a bhainistiú*

I gCaibidil 10 den tuarascáil uaim maidir le cuntais na seirbhísí poiblí do 2020, scrúdaítear an dóigh ar bainistíodh achomhairc leasa shóisialaigh. Is le Vóta 37 a iompraítear na costais a bhaineann leis an gcóras achomhairc a oibriú.

### *Rialuithe maidir le híocaíocht dífhostaíochta phaindéim Covid-19*

I gCaibidil 11 den tuarascáil uaim maidir le cuntais na seirbhísí poiblí do 2020, scrúdaítear na rialuithe a bhí i bhfeidhm ag an Roinn ar an scéim íocaíochtaí dífhostaíochta paindéime (PUP). Ba ar an gcuntas leithreasa do Vóta 37 a muirearaíodh cuid den chaiteachas faoin scéim. Ba ar an gCiste Árachais Shóisialaigh a muirearaíodh an chuid eile den chaiteachas faoin scéim.

### *Rialuithe maidir leis an scéim fóirdheontais shealadaigh pá*

I gCaibidil 12 den tuarascáil uaim maidir le cuntais na seirbhísí poiblí do 2020, scrúdaítear na rialuithe a oibríodh maidir leis an scéim fóirdheontais shealadaigh pá, a muirearaítear an caiteachas faoina bun ar an gcuntas leithreasa do Vóta 37.

### *Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair*

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais nár comhlíonadh na rialacha soláthair i gcásanna ábhartha i leith conarthaí a bhí i bhfeidhm in 2020.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

22 Méan Fómhair 2021

## Vóta 37 Coimirce Shóisialach

# Cuntas Leithreasa 2020

| | | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | **Soláthar meastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas an chláir** | | | | |
| Scéimeanna cúnaimh shóisialaigh, seirbhísí, riarachán agus íocaíocht leis an gCiste Árachais Shóisialaigh | | | | |
| Riarachán | | | | |
| *Soláthar meastacháin* | 565,694 | | | |
| *Géilleadh iarchurtha* | 1,187 | | | |
| | | 566,881 | 536,309 | 541,140 |
| Pinsin | | 1,064,010 | 1,048,546 | 1,042,838 |
| Aois oibre – tacaí ioncaim | | 3,782,500 | 3,794,149 | 2,426,227 |
| Aois oibre – tacaí fostaíochta | | 5,245,718 | 4,717,276 | 712,375 |
| Breoiteacht, míchumas agus cúramóirí | | 3,231,410 | 3,203,725 | 3,021,168 |
| Leanaí | | 2,761,730 | 2,608,327 | 2,615,036 |
| Íocaíochtaí forlíontacha, etc. | | 606,418 | 564,028 | 512,377 |
| Fóirdheontas don Chiste Árachais Shóisialaigh | | 93,195 | — | — |
| **Ollchaiteachas** | | | | |
| *Soláthar meastacháin* | 17,350,675 | | | |
| *Géilleadh iarchurtha* | 1,187 | | | |
| | | **17,351,862** | **16,472,360** | **10,871,161** |
| *Lúide* | | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **218,190** | **201,541** | **223,035** |
| **Glanchaiteachas** | | | | |
| *Soláthar meastacháin* | 17,132,485 | | | |
| *Géilleadh iarchurtha* | 1,187 | | | |
| | | **17,133,672** | **16,270,819** | **10,648,126** |

**Farasbarr**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a caitheadh le géilleadh don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais, 2004, féadfar na leithreasaí neamhchaite go léir nó cuid díobh do sheirbhísí soláthair chaipitiúil a thabhairt anonn lena gcaitheamh an bhliain dár gcionn. Tugadh €910,000 de leithdháiltí neamhchaite maidir le gnéithe caipitil d'Fho-mhírcheann A.2 (vi) agus A.2 (vi) anonn go 2021.

| | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr | 862,853,290 | 52,647,107 |
| Géilleadh iarchurtha | (910,000) | (1,187,000) |
| **Farasbarr le géilleadh** | **861,943,290** | **51,460,107** |

**John McKeon**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Coimirce Sóisialaí

21 Méan Fómhair 2021

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas an chláir | | 15,936,051 | 10,330,021 |
| Pá | | 298,995 | 294,952 |
| Neamhphá | | 237,314 | 246,188 |
| **Ollchaiteachas** | | **16,472,360** | **10,871,161** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **201,541** | **223,035** |
| **Glanchaiteachas** | | **16,270,819** | **10,648,126** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin - airgead tirim | (24,131) | | |
| Dímheas | 17,475 | | |
| Gnóthachan ar dhiúscairtí/dhíscríobh | (1) | (6,657) | 8,132 |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 13,144 | | |
| Méadú ar stoc | (8) | 13,136 | (3,808) |
| | | | |
| **Caiteachas díreach** | | **16,277,298** | **10,652,450** |
| | | | |
| **Caiteachas a iompraíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara (nóta 1.1) | | 92,663 | 84,457 |
| Measchíosanna | | 14,386 | 14,386 |
| **Glanchostas an chláir** | | **16,384,347** | **10,751,293** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara na suimeanna a leanas i dtaca le Vóta 37 a iompraíodh in áit eile.

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim [a] | 370 | 364 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 77,101 | 69,985 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 14,441 | 13,421 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 686 | 659 |
| An Príomh-Chiste – Pinsin na nAirí | | 65 | 28 |
| | | **92,663** | **84,457** |

Nóta [a] Níor cuireadh na costais a thabhaigh na Coimisinéirí Ioncaim ar an Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá agus an Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta a riar san áireamh.

## Nóta 2 An Ráiteas faoin Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2020

| | Nóta | 2020 €000 | 2019 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 145,336 | 136,714 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Stoic | 2.3 | 277 | 269 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.4 | 88,530 | 70,430 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.11 | 65,884 | 64,376 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **154,691** | **135,075** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 15,475 | 38,434 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.5 | 25,697 | 35,330 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.6 | 47,358 | (3,334) |
| Costais fhabhraithe | 2.12 | 62,899 | 48,247 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **151,429** | **118,677** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 3,262 | 16,398 |
| **Glansócmhainní** | | **148,598** | **153,112** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe stáit** | 2.7 | **148,598** | **153,112** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Troscán agus feistis | Trealamh oifige | Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020 | 25,741 | 320,261 | 18,339 | 364,341 |
| Coigeartú [a] | — | — | 1,965 | 1,965 |
| Breiseanna [b] | 49 | 3,085 | 20,997 | 24,131 |
| Diúscairtí | — | — | — | — |
| Díscríobh [c] | (5,438) | (29,738) | — | (35,176) |
| Aistrithe | — | 8,882 | (8,882) | — |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2020 | 20,352 | 302,490 | 32,419 | 355,261 |
| **Dímheas carntha** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020 | 22,855 | 204,772 | — | 227,627 |
| Coigeartú | — | — | — | — |
| Dímheas don bhliain | 702 | 16,773 | — | 17,475 |
| Dímheas ar dhiúscairtí/dhíscríobh | (5,439) | (29,738) | — | (35,177) |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020 | 18,118 | 191,807 | — | 209,925 |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020** | **2,234** | **110,683** | **32,419** | **145,336** |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019 | 2,886 | 115,489 | 18,339 | 136,714 |

Nóta

[a] Rinneadh coigeartuithe dar luach iomlán €1.965 milliún ar shócmhainní caipitil atá á bhforbairt (SCFF) mar gheall go ndearnadh caiteachas a tabhaíodh i mblianta roimhe seo a maidir le tionscadail SCFF a rangú go mícheart mar chaiteachas neamhchaipitil.

[b] Faoi mar a bhforáiltear dó i gCiorclán 1 de 2020, chuir an Roinn tairseach €1,000 i bhfeidhm chun a sócmhainní caipitil a chaipitliú don tréimhse ó Eanáir go Márta 2020. Ba é costas na sócmhainní seo ná €49,000. Níl sócmhainní atá faoi bhun na tairsí €10,000 á gcur ag an Roinn leis an gclár a thuilleadh ó Mhárta 2020.

[c] Is éard atá i gceist le díscríobh ná bogearraí, crua-earraí TF, troscán agus trealamh, meaisíní frainceála, gléasanna fótachóipeála, táblaí, cathaoireacha etc. san áireamh. Rinneadh go leor de na sonraí sa chlár sócmhainní a ghlanadh i rith 2020. Shainaithin an Roinn roinnt bogearraí sócmhainní TF sa chlár sin a d'imigh as feidhm, roinnt sócmhainní crua-earraí TF a athsholáthraíodh agus troscán agus feistis ar a raibh luachanna sócmhainne faoi €1,000. Rinneadh na sócmhainní go léir seo a dhímheas go hiomlán agus ní raibh úsáid á baint astu a thuilleadh.

## 2.2 Banc agus Airgead Tirim

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna airleacan An Post [a] | 197,920 | 110,841 |
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ghinearálta (rótharraingt) | (222,697) | (179,044) |
| Iarmhéid an chuntais bhainc tráchtála | 9,302 | 29,769 |
| | **(15,475)** | **(38,434)** |

Nóta [a] Mar ghníomhaire íoca scéime, réamh-mhaoinítear An Post trí Vóta 37 agus CÁS chun íoc as dliteanais chaiteachais na Roinne faoi mar a bhíonn siad dlite. Ag deireadh 2020, b'ionann an comh-iarmhéid a bhí á choimeád ag An Post maidir le Vóta 37 agus CÁS agus €335.6 milliún. Ba é €185.8 milliún an comh-iarmhéid comhfhreagrach ag deireadh 2019.

## 2.3 Stoic

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Páipéarachas | 226 | 246 |
| Tomhaltáin TF | 51 | 23 |
| | **277** | **269** |

## 2.4 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Réamhíocaíochtaí le An Post do chaiteachas postais | 1,007 | 1,007 |
| Réamhíocaíochtaí le OOP as troscán oifige, foirgneamh agus obair leictreach | 1,251 | 901 |
| Réamhíocaíochtaí le Pobal | 4,922 | 5,836 |
| Réamhíocaíocht leis na Coimisinéirí Ioncaim [a] | 20,436 | — |
| Réamhíocaíochtaí scéime[b] | 24,650 | 28,405 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí | 4,212 | 2,227 |
| *Dlite ó CÁS maidir le* | | |
| • Fáltais a bhaineann leis an Vóta a aisghabhadh trí CÁS | 18,927 | 16,719 |
| • íocaíochtaí ón Vóta thar ceann CÁS | 12,456 | 14,436 |
| • íocaíochtaí óinchiste is infhaighte ó CÁS | 669 | 899 |
| | **88,530** | **70,430** |

Nóta [a] Baineann an réamhíocaíocht leis na Coimisinéirí Ioncaim leis an Scéim Fóirdheontais Pá Éigeandála agus an Scéim Fóirdheontais Shealadaigh Pá.

[b] Áirítear le réamhíocaíochtaí scéime íocaíochtaí scéime a rinneadh sa bhliain agus nár gearradh sa bhliain reatha.

## 2.5 Iarmhéideanna sochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 3,407 | 6,345 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 2,676 | 4,599 |
| Muirear sóisialach uilíoch | 654 | 1,306 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 3,626 | 3,701 |
| Cáin bhreisluacha | 54 | 85 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 1,295 | 2,103 |
| Cáin mhaoine áitiúil [a] | 42 | 83 |
| Fáltais bhreise le híoc leis an Státchiste | 1 | 6 |
| | 11,755 | 18,228 |
| | | |
| Asbhaintí párolla | 2,176 | 2,197 |
| *Dlite do CÁS maidir le* | | |
| • íocaíochtaí a rinne CÁS thar ceann | 5,784 | 9,335 |
| • íocaíochtaí óinchiste a fuarthas ó CÁS | (6) | 984 |
| Aisghabhálacha neamh-mheaitseáilte ró-íocaíochtaí | 4,639 | 3,169 |
| Aisghabháil fiachais thar ceann thíortha eile AE | 869 | 839 |
| Míreanna sochair eile ar fionraí | 480 | 578 |
| | **25,697** | **35,330** |

Nóta [a] Faoi Alt 84 den Acht Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil), 2012, féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim a ordú don Roinn asbhaintí a dhéanamh ó íocaíochtaí scéime áirithe maidir le daoine atá faoi dhliteanas íoc as cáin mhaoine áitiúil. Déanann an Roinn asbhaintí deonacha, chomh maith, as roinnt tuarastal foirne maidir le cáin mhaoine áitiúil. B’ionann na suimeanna a íocadh leis na Coimisinéirí Ioncaim in 2020 agus €651,401 agus €317,348, faoi seach.

## 2.6 Glanmhaoiniú Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Farasbarr le géilleadh | 861,943 | 51,460 |
| Géilleadh iarchurtha | 910 | 1,187 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (815,495) | (55,981) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **47,358** | **(3,334)** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 88,530 | 70,430 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | (15,475) | (38,434) |
| Dlite don Stát | (11,755) | (18,228) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (13,942) | (17,102) |
| | (41,172) | (73,764) |
| | **47,358** | **(3,334)** |

## 2.7 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 153,112 | 164,652 |
| Íocaíochtaí amach ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 17,133,672 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (910) | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (861,943) | | |
| Glanvóta | | | 16,270,819 | 10,648,126 |
| Caiteachas (airgead tirim) a iompraíodh in áit eile | 1.1 | | 92,663 | 84,457 |
| Caiteachas neamhairgid – measchíos | 1 | | 14,386 | 14,386 |
| Sócmhainní caipitil atá á bhforbairt a choigeartú | 2.1 | | 1,965 | |
| Glansócmhainní a choigeartú | 2.1 | | | (4,033) |
| Dímheas arna choigeartú | 2.1 | | | (3,183) |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (16,384,347) | (10,751,293) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **148,598** | **153,112** |

## 2.8 Ceangaltais

| **Ceangaltais dhomhanda** | | |
|---|---|---|
| ag an 31 Nollaig | **2020** | **2019** |
| | **€000** | **€000** |
| Earraí agus seirbhísí a sholáthar | 51,386 | 38,909 |
| Tionscadail chaipitil | 4,701 | 18,417 |
| **Iomlán na gceangaltas is infhorfheidhmithe le dlí** | **56,087** | **57,326** |

## 2.9 Dliteanais aibithe

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nach raibh glanta ag deireadh na bliana | **122** | **90** |

## 2.10 Dliteanais theagmhasacha

Tá an Roinn páirteach i 94 chás dlí a d'fhéadfadh dliteanais a ghiniúint, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá aon suim iarbhír nó uainiú na ndliteanas féideartha éiginnte.

## 2.11 Réamhíocaíochtaí

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Costais riaracháin | 108 | 104 |
| Costais oifige | 1,841 | 903 |
| Réamhíocaíochtaí/cúlchnapanna cláir [a] | 63,660 | 63,098 |
| Comhairleoireacht | 275 | 271 |
| | **65,884** | **64,376** |

Nóta [a] Cuireann an Roinn réamh-mhaoiniú ar fáil do roinnt eagraíochtaí chun scéimeanna a sholáthar. Áirítear leo seo réamhíocaíochtaí nó cúlchnapanna do shreabhadh airgid a íoctar le scéimeanna agus eagraíochtaí eile a sholáthraíonn Fostaíocht Pobail, Tionscnamh Post, Seirbhísí Fostaíochta Áitiúla agus Clubanna Post. Cuirtear réamhíocaíochtaí ar fáil do scéimeanna Fostaíochta Pobail agus Tionscnamh Poist sula dtosaítear iad chun íoc as na costais tosaigh agus déantar iad a fhorchúiteamh, go ginearálta, laistigh de 12 mhí i ndiaidh iad a eisiúint. Cuirtear cúlchnapanna ar fáil do Sheirbhísí Fostaíochta Áitiúla agus Clubanna Post chun íoc as costais leanúnacha agus déantar iad a réiteach ar bhonn leanúnach i ndiaidh gach íocaíocht a dhéanamh. Baineann an t-airgead seo le heagraíochtaí seachas le héilitheoirí aonair.

## 2.12 Costais fhabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Costais riaracháin | 6,526 | 4,442 |
| Costais oifige | 6,393 | 8,945 |
| Costais chomhairleoireachta | 17 | 78 |
| Costas clár [a] | 49,963 | 34,782 |
| | **62,899** | **48,247** |

Nóta [a] Airgead atá le híoc le heagraíochtaí a sholáthraíonn Fostaíocht Pobail, Tionscnamh Poist agus Seirbhísí Fostaíochta Áitiúla thar ceann na Roinne. Baineann an t-airgead seo le heagraíochtaí seachas le héilitheoirí aonair.

# Nóta 3 Caiteachas Vóta

## Anailís ar chaiteachas riaracháin

| | | | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | 299,995 | 298,995 | 294,952 |
| ii | Taisteal agus cothú | | 4,998 | 1,478 | 4,695 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | | 14,076 | 12,867 | 11,322 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | 16,412 | 11,967 | 12,707 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | | 69,683 | 59,257 | 54,657 |
| vi | Costais áitribh oifige | | | | |
| | *Bunaidh* | 18,915 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 1,187 | | | |
| | | | 20,102 | 16,841 | 15,267 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta | | 2,085 | 346 | 476 |
| viii | Íocaíochtaí as seirbhísí gníomhaireachta | | 127,230 | 121,650 | 134,156 |
| ix | Tionscadail a bhaineann le Ríomhrialtas | | 12,300 | 12,908 | 12,908 |
| | | | **566,881** | **536,309** | **541,140** |

**Difríochtaí suntasacha**

Cuirtear i láthair sa mhéid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

**ii Taisteal agus cothú**

*Soláthar meastacháin: €4.998 milliún, toradh: €1.478 milliún*

Ba iad na cúiseanna a bhí leis an tearc-chaitheamh €3.52 milliún maidir leis an soláthar meastacháin gur tháinig laghdú ar riachtanais taistil in 2020 mar gheall ar phaindéim Covid-19. Ar aon dul leis an gcomhairle a sholáthair an Rialtas, cuireadh an taisteal neamh-bhunriachtanach go léir d'oifigigh uile na Roinne, cruinnithe aghaidh ar aghaidh AE agus idirnáisiúnta san áireamh, ar fionraí agus aistríodh go leor gníomhaíochtaí ar líne. Úsáideadh na coigiltí chun caiteachas breise a mhaoiniú ar fho-mhírchinn eile.

**iii Costais phoist agus chumarsáide**

*Soláthar meastacháin: €16.412 milliún, toradh: €11.967 milliún*

Ba iad na cúiseanna a bhí leis an tearc-chaitheamh €4.445 milliún maidir leis an soláthar meastacháin:

- Baineadh coigilteas €2.431 milliún amach faoi tháillí poist. Laghdaigh an méadú a tháinig ar sheirbhísí ar líne go príomha mar gheall ar Covid-19 an méid poist a fuair agus a d'eisigh an Roinn. Anuas air sin, cuireadh an méadú ar an bpraghas poist a bhí le cur i bhfeidhm i Márta 2020 ar athlá.

- Baineadh coigilteas €2.014 milliún amach faoi theileachumarsáid. Bíonn gné dhothuarthachta i gceist leis an gcaiteachas ar theileachumarsáid a mheas mar gheall go ndéanann na méideanna glaonna gutháin agus an méid sonraí a úsáideann an fhoireann a bhaineann úsáid as seirbhísí teileafónaíochta agus sonraí costais a chruthú. Tá na méideanna glaonna gutháin agus an méid sonraí a úsáidtear an-athraitheach.

Úsáideadh an coigilteas chun caiteachas breise a mhaoiniú ar fho-mhírchinn eile.

**vii Seirbhísí comhairleoireachta**

*Soláthar meastacháin: €2.085 milliún, toradh: €346,000*

Ba iad na cúiseanna a bhí leis an tearc-chaitheamh €1.739 milliún maidir leis an soláthar meastacháin:

- Baineann ceithre leithdháileadh maoinithe ar a bhfuil luach €135,000 le conarthaí iniúchóireachta agus ní tharraingítear anuas iad ach de réir mar is gá. Caitheadh thart ar leath an leithdháilte seo.
- Ar aon dul le dícheall cuí, níor theastaigh maoiniú comhairleoireachta €400,000 do dhá thionscadal ar leith mar gheall gur tugadh faoin obair go hinmheánach.
- Rinneadh tionscadal amháin ar a raibh luach €255,000 a chumasc le tionscadal eile laistigh den Rannóg TF agus níor theastaigh an maoiniú a thuilleadh faoi chomhairleoireacht.
- Cuireadh moill ar dhá thionscadal ar a raibh comhluach €250,000 mar gheall ar an bpaindéim agus níor dámhadh na conarthaí go dtí tráth déanach in 2020.
- Mar gheall ar phaindéim Covid-19, sannadh acmhainní ó réimsí beartais laistigh den Roinn go sealadach chun cabhrú le scéim ÍDP. Chuir seo moill ar thús a chur le roinnt tionscadal, ar a raibh comhluach thart ar €800,000, agus leanfaidh seo ar aghaidh anois isteach in 2021.

Úsáideadh an coigilteas chun caiteachas breise a mhaoiniú ar fho-mhírchinn eile.

## Clár A Scéimeanna cúnaimh shóisialaigh, seirbhísí, riarachán agus íocaíocht leis an gCiste Árachais Shóisialaigh

| | | | | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán – pá | | | 299,995 | 298,995 | 294,952 |
| A.2 | Riarachán − neamhphá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 265,699 | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 1,187 | | | |
| | | | | 266,886 | 237,314 | 246,188 |
| **Pinsin** | | | | | | |
| A.3 | Pinsean Stáit (Neamh-Ranníocach) | | | 1,064,010 | 1,048,546 | 1,042,838 |
| **Aois Oibre – Tacaí Ioncaim** | | | | | | |
| A.4 | Liúntas Cuardaitheora Poist | | | 1,636,700 | 1,656,771 | 1,628,172 |
| A.5 | Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora | | | 558,220 | 564,887 | 533,122 |
| A.6 | Pinsean Baintrí/ Baintreach Fir/ Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Neamh-Ranníocach) | | | 12,990 | 13,425 | 13,938 |
| A.7 | Liúntas Banchéile Thréigthe | | | 840 | 859 | 959 |
| A.8 | Íocaíochtaí Liúntas Bunúsach Leasa Forlíontach | | | 128,890 | 115,212 | 120,175 |
| A.9 | Cúnamh Feirme | | | 62,180 | 66,414 | 68,569 |
| A.10 | Íocaíochtaí ar Riachtanais Eisceachtúla agus Phráinneacha | | | 44,230 | 41,029 | 43,206 |
| A.11 | Aois Oibre Eile – Tacaí Ioncaim | | | 19,080 | 18,076 | 18,086 |
| A.xx | Covid-19 – Íocaíocht Dífhostaíochta Paindéime | | | 1,319,370 | 1,317,476 | — |
| **Aois Oibre – Tacaí Fostaíochta** | | | | | | |
| A.12 | Clár Fostaíochta Pobail | | | 369,680 | 340,612 | 353,366 |
| A.13 | Scéim Shóisialta Tuaithe | | | 54,870 | 52,745 | 52,817 |
| A.14 | Tús | | | 99,248 | 83,568 | 99,048 |
| A.15 | Tionscnamh Post | | | 15,090 | 14,973 | 16,417 |
| A.16 | Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair | | | 40,020 | 39,274 | 59,695 |
| A.17 | An Scéim Tacaíochta d'Fhostaíocht Óige | | | 3,350 | 2,015 | 2,014 |
| A.18 | Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas | | | 77,200 | 65,921 | 65,327 |
| A.19 | JobsPlus | | | 10,100 | 5,376 | 14,390 |
| A.20 | Seirbhís Fostaíochta Áitiúla | | | 19,300 | 18,156 | 18,318 |
| A.21 | Clubanna Post | | | 5,400 | 4,452 | 4,841 |
| A.22 | Clár Socrúcháin agus Taithí Oibre | | | 3,670 | — | — |
| A.23 | Aois Oibre Eile – Tacaí Fostaíochta | | | 23,490 | 12,333 | 7,785 |

| | | | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.yy | Fóirdheontas Pá Covid-19 | | 2,784,300 | 2,706,962 | — |
| A.zz | Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta | | 1,740,000 | 1,370,889 | — |
| **Breoiteacht, Míchumas agus Cúramóirí** | | | | | |
| A.24 | Liúntas Míchumais | | 1,804,510 | 1,811,854 | 1,705,778 |
| A.25 | Pinsean na nDall | | 13,140 | 12,641 | 12,971 |
| A.26 | Liúntas Cúramóra | | 936,440 | 926,352 | 862,447 |
| A.27 | Liúntas Cúram Baile | | 199,770 | 193,104 | 182,485 |
| A.28 | Deontas Tacaíochta Cúramóra | | 237,320 | 227,543 | 219,535 |
| A.29 | Tacaí Gníomhachtaithe Míchumais | | 15,680 | 13,875 | 14,142 |
| A.30 | An Scéim Fóirdheontais Pá | | 24,550 | 18,356 | 23,810 |
| **Leanaí** | | | | | |
| A.31 | Sochar Linbh | | 2,119,980 | 2,102,329 | 2,102,435 |
| A.32 | Íocaíocht Teaghlaigh Oibre | | 402,490 | 377,312 | 397,204 |
| A.33 | Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar Obair | | 17,220 | 12,978 | 18,357 |
| A.34 | Liúntas Éadaí agus Coisbhirt chun Filleadh ar Scoil | | 152,880 | 54,054 | 53,451 |
| A.35 | Scéim Béilí Scoile | | 61,600 | 53,468 | 54,312 |
| A.36 | Íocaíochtaí eile a bhaineann le Leanaí | | 7,560 | 8,186 | 7,634 |
| **Íocaíochtaí Forlíontacha, Gníomhaireachtaí agus Seirbhísí Ilghnéitheacha** | | | | | |
| A.37 | Forlíonadh Cíosa | | 164,600 | 133,090 | 125,248 |
| A.38 | Liúntas Tacaíochta Gutháin | | 8,239 | 8,326 | 8,143 |
| A.39 | Pacáiste Sochair Teaghlaigh | | 75,479 | 77,347 | 69,290 |
| A.40 | Saorthaisteal | | 95,000 | 94,529 | 93,919 |
| A.41 | Liúntas Breosla | | 183,485 | 181,446 | 147,363 |
| A.42 | Deontas don Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh | | 61,774 | 55,993 | 56,462 |
| A.43 | Seirbhísí Ilghnéitheacha | | 17,841 | 13,294 | 11,589 |
| A.44 | Íocaíocht leis an gCiste Árachais Shóisialaigh faoi Alt 9(9)(a) den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005 | | 93,195 | — | — |
| | An Coimisiún um Pá Íseal | | — | 3 | 363 |
| **Iomlán** | | | **17,351,862** | **16,472,360** | **10,871,161** |

**Difríochtaí suntasacha**

Cuirtear i láthair sa mhéid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i gcaiteachas clár (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí an caiteachas maidir le Clár A €879.5 milliún ní b'ísle ná mar a soláthraíodh sna Meastacháin Athbhreithnithe Bhreise. Bhí an méid seo a leanas i gceist leis:

- Bhain tearc-chaitheamh €30.6 milliún de seo le caiteachas riaracháin. Míníodh cheana féin an difríocht shuntasach i bhfo-mhírchinn aonair (+/-25% agus €100,000).
- Baineann tearc-chaitheamh €848.9 milliún le fo-mhírchinn scéime agus seirbhíse. Déantar cur síos ar na príomhdhifríochtaí thíos.

**A.8 Íocaíocht Liúntas Bunúsach Leasa Forlíontach**

*Soláthar meastacháin: €128.9 milliún, toradh: €115.2 milliún*

Ba iad na cúiseanna a bhí leis an tearc-chaitheamh €13.7 milliún maidir leis an soláthar meastacháin:

- Bhí an meánlíon faighteoirí (13,820) 2,760 duine ní b'ísle ná an líon a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán bunaidh (16,580).
  Is éard is cúis leis seo ná go ndearnadh líon ní ba lú éileamh ar Liúntas Míchumais, Pinsean Easláine agus Liúntas Cúramóra, agus íocadh ní ba lú íocaíochtaí Liúntas Leasa Forlíontach (Bunúsach) dá bharr. D'eascair tearc-chaitheamh €30 milliún as seo.
- Bhí na meánluachanna íocaíochta (€208.20) ní b'airde ná an méid a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán bunaidh (€206.52). D'eascair róchaitheamh €1.2 milliún as seo.
- Caiteachas a aisíoc ó phríomhscéimeanna (e.g. Liúntas Míchumais, Liúntas Cuardaitheora Poist) a bhain toradh €37.4 milliún amach. Bhí seo €13.9 milliún ní ba lú ná an tsuim a ndearnadh soláthar di sa mheastachán bunaidh (€51.3 milliún), a léiríonn go ndearnadh cúiteamh ní ba lú a fháil ó Íocaíochtaí LLF Bunúsach.

**A.9 Cúnamh Feirme**

*Soláthar meastacháin: €62.2 milliún, toradh: €66.4 milliún*

Ba iad na cúiseanna a bhí leis an róchaitheamh €4.2 milliún maidir leis an soláthar meastacháin:

- Bhí an meánlíon faighteoirí (5,891) 426 fhaighteoir ní b'airde ná an líon a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán bunaidh (5,465). Ba mhoille an ráta laghdaithe a tháinig ar fhaighteoirí mar gheall ar phróifíl aoise éileamh ná an luas a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán bunaidh. D'eascair róchaitheamh €4.8 milliún as seo.
- Bhí na meánluachanna íocaíochta (€214.05) ní b'ísle ná an luach a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán bunaidh (€216.10). D'eascair tearc-chaitheamh €600,000 as seo.

**A.10 Íocaíochtaí ar Riachtanais Eisceachtúla agus Phráinneacha**

*Soláthar meastacháin: €44.2 milliún, toradh: €41 mhilliún*

Ba iad na cúiseanna a bhí leis an tearc-chaitheamh €3.2 milliún maidir leis an soláthar meastacháin:

- Bhí an líon faighteoirí 19,911 duine ní b'ísle ná an líon a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán bunaidh (87,500) i gcomparáid leis an Toradh (67,589). D'eascair tearc-chaitheamh €10.1 milliún as seo. Mar gheall ar shrianta Covid, tháinig laghdú suntasach ar roinnt de na catagóirí Íocaíochtaí ar Riachtanais Eisceachtúla (ÍREanna) ar gnách go mbíonn go leor díobh le híoc agus go mbíonn luach íseal orthu, go háirithe maidir le taisteal agus éadaí.
- D'eascair tearc-chaitheamh €100,000 as ró-íocaíochtaí a aisghabháil nár cuireadh san áireamh sa mheastachán.

- Bhí an meánluach íocaíochta €609.48 €103.99 ní ba mhó ná an luach a ndearnadh soláthar dó sa Mheastachán Athbhreithnithe Breise (€505.49). D’eascair róchaitheamh €7 milliún as seo. Ba í an chatagóir thithíochta an phríomhchúis a bhí leis an róchaitheamh, rud arb ionann é agus nach mór 70% de chaiteachas na scéime agus ar gnách gur suimeanna íocaíochta ardluacha a bhíonn i gceist leis.

### A.11 Aois Oibre Eile – Tacaí Ioncaim

*Soláthar meastacháin: €19.1 milliún, toradh: €18.1 milliún*

Ba iad na cúiseanna a bhí leis an tearc-chaitheamh €1 mhilliún maidir leis an soláthar meastacháin:

- Bhí an Liúntas Costas Laethúil €300,000 ní b’ísle ná an meastachán €13.3 milliún.
- Bhí an caiteachas ar Chabhair Dhaonnúil €100,000 ní b’ísle ná an meastachán €200,000.
- Bhí caiteachas ar fhorlíontaí eile €600,000 ní b’ísle ná an meastachán €5.5 milliún.

### A.12 Fostaíocht Pobail

*Soláthar meastacháin: €369.7 milliún, toradh: €340.6 milliún*

Ba iad na cúiseanna a bhí leis an tearc-chaitheamh €29.1 milliún maidir leis an soláthar meastacháin:

- Bhí an líon rannpháirtithe ní b’ísle (20,330) ná an líon a ndearnadh soláthar dó i Meastachán Athbhreithnithe Breise 2020 (21,540) mar gheall ar shrianta Covid-19, a chruthaigh deacrachtaí chun folúntais a líonadh i dtionscadail Fostaíochta Pobail. D’eascair tearc-chaitheamh €16.7 milliún as seo.
- Bhí na meánluachanna íocaíochta do rannpháirtithe (€253.59) ní b’ísle ná an luach a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán bunaidh (€260.47). D’eascair tearc-chaitheamh €7.4 milliún as seo.
- D’eascair tearc-chaitheamh €3.7 milliún i gcomparáid leis an meastachán (€7 milliún) as caiteachas níos ísle €3.3 milliún ar oiliúint.
- D’eascair tearc-chaitheamh €1.1 milliún i gcomparáid leis an meastachán (€13.2 milliún) as caiteachas níos ísle ar thomhaltáin cúrsaí €12.1 milliún.
- Bhí an líon maoirseoirí (1,300) ní b’ísle ná an líon a ndearnadh soláthar dó i meastachán 2020 (1,310). D’eascair tearc-chaitheamh €400,000 as seo.
- Aisghabhálacha ró-íocaíochtaí €100,000 nach ndearnadh soláthar dóibh i Meastachán Athbhreithnithe Breise 2020.
- Ní chuirtear slánú a rinneadh ar an tearc-chaitheamh i leith €100,000 san áireamh thuas.

Arna fhritháireamh le:

- Meánluach íocaíochta seachtainiúil ní b’airde do mhaoirseoirí €745.36 sa tseachtain in 2020 i gcomparáid le €744.43 faoi mar a rinneadh soláthar dó i Meastachán Athbhreithnithe Breise 2020. D’eascair róchaitheamh €100,000 as seo.
- Ba mhó an caiteachas €700,000 ar an tionscadal Fostaíochta Pobail ná an meastachán bunaidh €400,000 mar gheall go ndearnadh níos mó réamhíocaíochtaí a eisíodh do thionscadail a chúiteamh ná an líon a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán.

**A.14 Tús – Socrúchán Oibre Pobail**

*Soláthar meastacháin: €99.2 milliún, toradh: €83.6 milliún*

Ba iad na cúiseanna a bhí leis an tearc-chaitheamh €15.6 milliún maidir leis an soláthar meastacháin:

- Bhí an líon rannpháirtithe ní b'ísle (4,753) ná an líon a ndearnadh soláthar dó i Meastachán Athbhreithnithe Breise 2020 (5,811) mar gheall ar shrianta Covid-19, a chruthaigh deacrachtaí chun folúntais a líonadh i dtionscadail Tús. D'eascair tearc-chaitheamh €14.2 milliún as seo.
- Bhí costais reatha neamh-phárolla (€8.2 milliún) ní b'ísle ná an tsuim a ndearnadh soláthar di sa mheastachán bunaidh (€9.5 milliún). D'eascair coigilt €1.3 milliún as seo.
- Bhí na meánluachanna íocaíochta (€253.36) ní b'ísle ná an luach a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán bunaidh (€253.94). D'eascair tearc-chaitheamh €200,000 as seo.
- Rinne na meánluachanna íocaíochta do mhaoirseoirí (€726.05) a bhí ní b'airde ná an luach a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán bunaidh (€722.89) é seo a fhritháireamh. D'eascair róchaitheamh €100,000 as seo.

**A.17 An Scéim Tacaíochta d'Fhostaíocht Óige**

*Soláthar meastacháin: €3.3 milliún, toradh: €2 milliún.*

Mar gheall ar shrianta Covid-19 a bhí i bhfeidhm ar feadh tréimhsí fada i rith 2020, níorbh fhéidir idirchaidreamh a dhéanamh le fostóirí ná áiteanna a chur ar tairiscint do chuardaitheoirí poist ar an Scéim Tacaíochta d'Fhostaíocht Óige (STFÓ) agus d'eascair tearc-chaitheamh €1.3 milliún as seo.

**A.18 Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas**

*Soláthar meastacháin: €77.2 milliún, Toradh: €65.9 milliún*

Ba iad na cúiseanna a bhí leis an tearc-chaitheamh €11.3 milliún maidir leis an soláthar meastacháin:

- D'eascair tearc-chaitheamh €15.9 milliún i rith mhíonna na bliana acadúla (ó Eanáir go Bealtaine agus ó D.F. go Nollaig) mar gheall gur lú na líonta rannpháirtithe (6,104) ná an líon a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán (8,714).
- Rinne caitheamh ní b'airde €4.6 milliún i rith mhíonna an tsamhraidh (ó Mheitheamh go Meán Fómhair) é seo a fhritháireamh nuair a bhí líon na rannpháirtithe cothrom le 3,981, ar an meán, i gcomparáid le 2,218, an líon a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán.

**A.19 JobsPlus**

*Soláthar meastacháin: €10.1 milliún, Toradh: €5.4 milliún*

Ba iad na cúiseanna a bhí leis an tearc-chaitheamh €4.7 milliún maidir leis an soláthar meastacháin:

- Bhí an líon iarbhír faighteoirí (1,012) 818 bhfaighteoir ní b'ísle ná an líon a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán bunaidh (1,830). Tháinig laghdú substainteach ar rannpháirtithe in Aibreán mar thoradh ar Covid-19. Cuireadh bearta i bhfeidhm chun stop a chur le híocaíochtaí scéime fad a rinneadh rannpháirtithe in JobsPlus a leagan as go sealadach (bhí ÍDP á fháil acu) nó fad a rinne a bhfostóir iarratas ar SFSP chun an fhostaíocht a mhaoiniú. D'eascair tearc-chaitheamh €4.5 milliún as seo.
- Bhí na meánluachanna íocaíochta (€442.88) ní b'ísle ná an luach a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán bunaidh (€460.00). D'eascair tearc-chaitheamh €200,000 as seo.

**A.20 Seirbhís Fostaíochta Áitiúla**

*Soláthar meastacháin: €19.3 milliún, toradh: €18.2 milliún*

Ní chuirtear cúiteamh ar fáil d'eagraíochtaí a sholáthraíonn Seirbhísí Fostaíochta Áitiúla (SFÁnna) ach do chostais a tabhaíodh i rith na bliana. Ba iad na cúiseanna a bhí leis an tearc-chaitheamh €1.1 milliún maidir leis an soláthar meastacháin:

- An toradh ar Sheirbhísí Idirghabhála €600,000, a bhí €400,000 ní ba lú ná an tsuim a ndearnadh soláthar di sa mheastachán (€1 mhilliún). Cé gur lean soláthraithe seirbhíse SFÁ ag oibriú le cliaint a bhí fostaithe cheana féin i rith shrianta Covid-19, rinneadh seo ó chian, den chuid ba mhó, agus cuireadh ní ba lú deontas ar fáil dá bharr.
- An toradh ar chostais foirne SFÁ €14.2 milliún, a bhí €800,000 ní ba lú ná an tsuim a ndearnadh soláthar di sa mheastachán.

**A.21 Clubanna Post**

*Soláthar meastacháin: €5.4 milliún, toradh: €4.5 milliún*

Ní íoctar le heagraíochtaí a ndámhtar conradh dóibh seirbhísí Club Post a sholáthar ach maidir leis na costais a tabhaíodh. Rinneadh atreoruithe a chiorrú go mór i rith 2020 mar gheall ar shrianta Covid-19. Ba iad na cúiseanna a bhí leis an tearc-chaitheamh €900,000 maidir leis an soláthar meastacháin:

- An toradh ar Thaisteal agus Cothú €60,000, a bhí €400,000 ní ba lú ná an tsuim a ndearnadh soláthar di sa mheastachán (€460,000), agus ba iad srianta taistil Covid-19 ba chúis leis seo uile.
- An toradh ar chostais oibríochtúla Chlubanna Post €900,000, a bhí €200,000 ní ba lú ná an tsuim a ndearnadh soláthar di sa mheastachán (€1.1 milliún).
- An toradh ar chostais foirne €3.5 milliún, a bhí €300,000 ní ba lú ná an tsuim a ndearnadh soláthar di sa mheastachán (€3.8 milliún).

**A.22 Clár Socrúcháin agus Taithí Oibre**

*Soláthar meastacháin: €3.7 milliún, toradh: nialas*

Clár taithí oibre é an Clár Taithí Socrúchán Oibre (CTSO) atá dírithe ar chuardaitheoirí poist a bhfuil íocaíocht leasa shóisialaigh cháilitheach á fáil acu agus a bhí dífhostaithe ar feadh sé mhí nó níos faide. Tá sé ar cheann de na bearta a sainaithníodh i Spreagadh Post mhí Iúil a chomhaontaigh an Rialtas in 2020. Cuireadh é sin siar mar gheall ar leibhéil ghníomhaíochta geilleagraí a bheith laghdaithe go mór mar gheall ar shrianta sínte Covid-19. Dá réir sin, níor tabhaíodh aon chaiteachas in 2020.

**A.23 Aois Oibre Eile – Tacaí Fostaíochta**

*Soláthar meastacháin: €23.5 milliún, toradh: €12.3 milliún*

Ba iad na cúiseanna a bhí leis an tearc-chaitheamh €11.2 milliún maidir leis an soláthar meastacháin:

- Deontas Tacaíochta Fiontraíochta - ba é an toradh €8.5 milliún, agus bhain €7.7 milliún de leis an deontas a shíneadh lena chur ar fáil d'iarfhaighteoirí féinfhostaithe ÍDP a rinne a ngnólacht a athoscailt agus bhain €800,000 de le rannpháirtithe i Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair. Bhí sé sin €6.5 milliún ní ba lú ná an tsuim a ndearnadh soláthar di i Meastachán Athbhreithnithe Breise 2020.
- Deontas Tacaíochta Oiliúna - ba é an toradh €1.3 milliún agus bhí sé sin €2 mhilliún ní ba lú ná an tsuim a ndearnadh soláthar di sa mheastachán (€3.3 milliún).
- Tacaí Gníomhachtaithe Spriocdhírithe - níor caitheadh an meastachán €2.5 milliún don bhliain 2020 mar gheall gur tugadh srianta sláinte poiblí Leibhéal 5 isteach tar éis na tacaí seo a thabhairt isteach i nDeireadh Fómhair 2020, agus chuir seo cosc ar na tacaí gníomhachtaithe spriocdhírithe a beartaíodh a chur i bhfeidhm.
- Tá sé ghné eile den fho-mhírcheann i gceist le hiarmhéid an tearc-chaithimh, arb ionann é agus €200,000.

**A.zz An Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta (SFPF)**

*Soláthar meastacháin: €1,740 milliún, toradh: €1,370.9 milliún*

Baineadh tearc-chaitheamh €369.1 milliún amach.

Tugadh an Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta (SFPF) isteach mar scéim éigeandála ó Mheán Fómhair 2020 in ionad na Scéime Fóirdheontais Shealadaigh Pá (SFSP).

Bunaíodh an meastachán ar thacaíocht a bheith á tabhairt ag SFPF do 350,000 fostaí gach seachtain. B'éagsúil an líon iarbhír ó sheachtain go seachtain agus ba lú iad ná mar a tuaradh.

**A.29 Tacaí Gníomhachtaithe Míchumais**

*Soláthar meastacháin: €15.7 milliún, toradh: €13.9 milliún*

Ba iad na cúiseanna a bhí leis an tearc-chaitheamh €1.8 milliún maidir leis an soláthar meastacháin:

- Ability: Soláthar meastacháin: €5.4 milliún, toradh: €4.5 milliún. Tearc-chaitheamh €900,000. Áirítear le rannpháirtithe in Ability go leor daoine atá an-leochaileach do Covid-19 agus do na srianta a bhaineann le gluaiseacht. Ní dhearna tionscadail an dul chun cinn a raibh súil leis.
- Seirbhísí EmployAbility: Soláthar meastacháin: €9.9 milliún, toradh: €8.9 milliún. Tearc-chaitheamh €1 mhilliún. Ní chuirtear cúiteamh ar fáil d'eagraíochtaí a sholáthraíonn Seirbhísí EmployAbility ach do chostais a tabhaíodh.
- Rinne róchaitheamh €100,000 ar Thacaí Gníomhachtaithe Míchumais é seo a fhritháireamh. Soláthar meastacháin: €400,000, toradh: €500,000 Cuireadh €100,000 sa bhreis ar fáil do AHEAD (an Cumann Rochtana Ardoideachais agus Míchumais) maidir le Clár Meantóireachta Toiliúil agus Ábalta (WAM) agus Clár GetAHEAD.

**A.30 An Scéim Fóirdheontais Pá**

*Soláthar meastacháin: €24.6 milliún, Toradh: €18.4 milliún*

- Cuireann an Scéim Fóirdheontais Pá tacaíocht airgeadais ar fáil d'fhostóirí a fhostaíonn daoine faoi mhíchumas. Bhí an líon rannpháirtithe (1,367) sa Scéim Fóirdheontais Pá 1,518 nduine ní b'ísle ná an líon a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán bunaidh (2,885). Tháinig laghdú substainteach ar rannpháirtithe in Aibreán mar thoradh ar Covid-19. Cuireadh bearta i bhfeidhm chun stop a chur le híocaíochtaí scéime fad a rinneadh rannpháirtithe sa Scéim Fóirdheontais Pá a leagan as go sealadach (bhí ÍDP á fháil acu) nó fad a rinne a bhfostóir iarratas ar SFSP chun an fhostaíocht a mhaoiniú. D'eascair tearc-chaitheamh €6.2 milliún as seo.

**A.32 Íocaíocht Teaghlaigh Oibre**

*Soláthar meastacháin: €402.5 milliún, Toradh: €377.3 milliún.*

Ba iad na cúiseanna a bhí leis an tearc-chaitheamh €25.2 milliún maidir leis an soláthar meastacháin:

- Bhí an meánluach íocaíochta (€142.47) €8.73 ní b'ísle ná an luach a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán bunaidh (€151.20). D'eascair tearc-chaitheamh €23.1 milliún as seo.
- Bhí an meánlíon faighteoirí (49,950) ní b'ísle ná an líon a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán bunaidh (50,010). D'eascair tearc-chaitheamh €500,000 as seo.
- Baineadh tearc-chaitheamh €1.6 milliún amach nuair a rinneadh coigeartuithe idirscéime.

**A.33 Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar Obair**

*Soláthar meastacháin: €17.2 milliún, toradh: €13 mhilliún*

Ba iad na cúiseanna a bhí leis an tearc-chaitheamh €4.2 milliún maidir leis an soláthar meastacháin:

- Bhí an meánlíon iarbhír faighteoirí (4,258) 1,087 nduine ní b'ísle ná an líon a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán bunaidh (5,345). Ba é tionchar Covid-19 ar an margadh saothair ba chúis leis seo, a ndearnadh tearc-chaitheamh €3.5 milliún dá bharr.
- Bhí na meánluachanna íocaíochta (€58.58) ní b'ísle ná an luach a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán bunaidh (€61.48). D'eascair tearc-chaitheamh €700,000 as seo.

**A.34 Liúntas Éadaí agus Coisbhirt chun Filleadh ar Scoil**

*Soláthar meastacháin: €152.9 milliún, toradh: €54.1 milliún*

Ba iad na cúiseanna a bhí leis an tearc-chaitheamh €98.8 milliún maidir leis an soláthar meastacháin:

- Bhí an líon faighteoirí (144,429) 267,182 dhuine ní b'ísle ná an líon a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán bunaidh (411,611). Bunaíodh an líon faighteoirí a measadh ar an gcinneadh a rinne an Rialtas ag an tráth go gcuirfí deireadh le ÍDP i lár Mheithimh 2020. Bheadh líon i bhfad níos mó de chuardaitheoirí poist ó Mheitheamh 2020 ar aghaidh ina thoradh air seo, a bheadh cáilithe freisin do Liúntas Éadaí agus Coisbhirt chun Filleadh ar an Scoil. Mar gheall gur leanadh le scéim ÍDP a íoc i ndiaidh Mheitheamh 2020, níor tháinig na cuardaitheoirí poist agus na héilitheoirí breise ar LÉCFS aníos. D'eascair tearc-chaitheamh €99.2 milliún as seo.
- Bhí na meánluachanna íocaíochta (€374.25) beagán ní b'airde ná an luach a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán bunaidh (€371.42). Rinne seo €400,000 den róchaitheamh foriomlán a fhritháireamh.

**A.35 Scéim na mBéilí Scoile**

*Soláthar meastacháin: €61.6 milliún, toradh: €53.5 milliún*

Bhí an tearc-chaitheamh €8.1 milliún ar Scéim na mBéilí Scoile in 2020 mar gheall gur dúnadh scoileanna i rith na paindéime ó Mhárta 2020. Cé gur leanadh le maoiniú a chur ar fáil do Bhéilí Scoile ar fud na bliana, níor bhain gach scoil leas as an rogha seo. As na scoileanna a bhain leas aisti, níor chuir go leor díobh ach tacaíocht ar fáil do leanaí leis na teaghlaigh ba mhó ba leochailí i dtaobh airgeadais de. Baineadh é seo amach go mór mór trí bheartáin bhia a rinne soláthraithe a sheachadadh chuig an mbaile.

Cuireadh moill freisin ar atosú an chláir bhéilí teo scoile ó Mheán Fómhair 2020 go hEanáir 2021 mar thoradh ar na tréimhsí fada a chaith scoileanna dúnta.

**A.36 Íocaíochtaí eile a bhaineann le Leanaí**

*Soláthar meastacháin: €7.6 milliún, toradh: €8.2 milliún*

Tá an méid seo a leanas i gceist le róchaitheamh €600,000 ar íocaíochtaí eile a bhaineann le leanaí, maidir le hÍocaíocht Caomhnóra (Neamh-Ranníocach) agus Deontas do Thuismitheoir ar Baintreach (Fir) é/í (Neamh-Ranníocach):

- Róchaitheamh €500,000 ar Íocaíocht Caomhnóra (Neamh-Ranníocach), inar baineadh toradh €7.8 milliún amach, i gcomparáid le meastachán €7.3 milliún. B'éard ba chúis leis seo go raibh an líon faighteoirí 24 dhuine ní ba mhó ná an líon a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán (526) agus go raibh na meánluachanna íocaíochta seachtainiúla, arbh ionann iad agus €7.80, ní b'airde ná an luach a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán (€263.85).

- Róchaitheamh €100,000 ar Dheontas do Thuismitheoir ar Baintreach (Fir) é/í (Neamh-Ranníocach), inar baineadh toradh €400,000 amach, i gcomparáid le meastachán €300,000 mar gheall gur íocadh 21 deontas ní ba mhó ná mar a measadh (48).

**A.37 Forlíonadh Cíosa**

*Soláthar meastacháin: €164.6 milliún, toradh: €133.1 milliún*

Ba iad na cúiseanna a bhí leis an tearc-chaitheamh €31.5 milliún maidir leis an soláthar meastacháin:

- Bhí an líon iarbhír faighteoirí (20,430) 7,980 duine ní b'ísle ná an líon a ndearnadh soláthar dó sa Mheastachán Athbhreithnithe Breise (28,410) mar gheall ar líon ní b'ísle ná mar a bhí súil leis d'éilimh ar Fhorlíonadh Cíosa a bhain le Covid. D'eascair tearc-chaitheamh €46.2 milliún as seo.
- D'eascair tearc-chaitheamh €100,000 as ró-íocaíochtaí a aisghabháil nár cuireadh san áireamh sa mheastachán.
- Bhí na meánluachanna íocaíochta seachtainiúla (€125.36) ní b'airde ná an luach a ndearnadh soláthar dó sa mheastachán bunaidh (€111.42) agus d'eascair róchaitheamh €14.8 milliún as seo.

**A.42 Deontas don Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh**

*Soláthar meastacháin: €61.8 milliún, toradh: €56 mhilliún*

Bhí an tearc-chaitheamh €5.8 milliún mar gheall ar an tionchar a d'imir Covid-19 ar sheirbhísí a sholáthair an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh (BFS), forchostais agus tograí soláthar foirne san áireamh. Cuireadh maoiniú san áireamh do Chleachtóir Dócmhainneachta Pearsanta (CDP) faoi Scéim Abhaile ach tá dul chun cinn déanta anois ar thogra nua nár theastaigh an maoiniú seo uaidh. Rinneadh tearc-chaitheamh mór ar Abhcóideacht mar gheall gur ghlac sé ní b'fhaide chun dul chun cinn a dhéanamh ar an Acht um Theanga Chomharthaíochta na hÉireann, 2017, a chur i bhfeidhm agus níor theastaigh leithdháileadh foriomlán an bhuiséid dá bharr.

**A.43 Seirbhísí Ilghnéitheacha**

*Soláthar meastacháin: €17.8 milliún, toradh: €13.3 milliún*

Ba iad na cúiseanna a bhí leis an tearc-chaitheamh €4.5 milliún maidir leis an soláthar meastacháin:

- Ionchuimsiú Sóisialta a Chur chun Cinn do Chúramóirí Teaghlaigh agus Cuardaitheoirí Poist Óga faoi Mhíchumas.

  Is é is príomhchúis leis an tearc-chaitheamh €1.8 milliún ar an scéim seo cineál agus uainiú an phróisis.

  Bíonn go leor ama i gceist idir an tráth a dhéantar iarratas ar bheart Cuntas Díomhaoin, agus an tráth a chinntítear go bhfuil caiteachas vótáilte ar fáil mar chuid den phróiseas Meastachán, agus a fhaomhann an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail é, agus a chomhaontaítear ar chonradh idir Pobal, agus an tráth a dhéantar iarratais ó ghrúpaí a ghairm agus an nós imeachta measúnaithe agus dámhachtana ina dhiaidh sin.

  Níl bealach ar bith ann tuar atá cruinn in aon chor a dhéanamh ar líon na n-iarratas a gheofar maidir le gairm ar thograí.
- Cúnaimh AE dóibh Siúd is mó is Díothaí (FEAD).

  Baineadh tearc-chaitheamh €3 mhilliún amach mar gheall ar an líon carthanas a raibh orthu dúnadh nó a n-obair a chur ar fionraí mar gheall ar Covid-19.
- Rinne róchaitheamh €300,000 é seo a fhritháireamh agus leatar é seo i measc na scéimeanna eile.

**A.44 Íocaíocht leis an gCiste Árachais Shóisialaigh faoi Alt 9(9) den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005**

Soláthar meastacháin: €93.2 milliún, toradh: €nialas

Teastaíonn fóirdheontas Státchiste do CÁS nuair is mó caiteachas na bliana reatha ná an t-ioncam agus nuair nach leor barrachas coinnithe an Chiste, a rinneadh a charnadh i rith blianta roimhe seo, chun íoc as an easnamh.

Rinneadh soláthar i Meastachán Athbhreithnithe Breise 2020 don bharrachas €3.9 billiún (a carnadh i rith blianta roimhe seo) a dhíothú roimh dheireadh na bliana agus go dtiocfadh easnamh €93.2 milliún aníos agus go mbeadh Fóirdheontas Státchiste ag teastáil.

Ba iad na príomhchúiseanna a bhí leis an difríocht:

- B'ionann Ioncam CÁS in 2020 agus €10,644.7 milliún, a bhí €192.8 milliún ní ba mhó ná an tsuim a ndearnadh soláthar di sa mheastachán (€10,451.9 milliún). Ba é ba chúis leis seo ná go raibh an tionchar a d'imir srianta Covid-19 an Rialtais ar fháltais ÁSPC ní b'ísle ná mar a bhí coinne leis.
- Caitheadh €14,106.5 milliún ar scéimeanna CÁS, a bhí €327.2 milliún ní ba lú ná an tsuim a ndearnadh soláthar di sa mheastachán bunaidh (€14,433.7 milliún). Ba iad na príomhrudaí ba chúis leis seo:
  - (a) Ba é an caiteachas ar Phinsean Stáit (Ranníocach) €5,834.6 milliún, a bhí €85.6 milliún ní b'ísle ná mar a measadh (€5,920.2 milliún);
  - (b) Ba é an caiteachas ar an Íocaíocht Dífhostaíochta Paindéime (i ndiaidh Lúnasa 2020) €1,844 milliún, a bhí €113.6 milliún ní ba lú ná mar a measadh (€1,957.6 milliún);
  - (c) Ba é an caiteachas Íocaíochtaí Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta €48.4 milliún, a bhí €31.5 milliún ní ba lú ná mar a measadh (€79.9 milliún);
  - (d) Chuir scéimeanna eile ar nós Sochar Breoiteachta (caiteachas €18.9 milliún ní ba lú ná mar a measadh) agus Sochar Breoiteachta Breisithe Covid-19 (€17.1 milliún ní ba lú ná mar a measadh) leis an tearc-chaitheamh foriomlán ar scéimeanna CÁS.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí i gcabhair

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Aistriú ón gCiste Árachais Shóisialaigh chuig Vóta 37** | | | | |
| 1 | Costais riaracháin a aisghabháil ón gCiste Árachais Shóisialaigh | 121,980 | 121,980 | 131,930 |
| **Leithreasaí-i-gcabhair: Eile** | | | | |
| 2 | Aisghabhálacha cúnaimh shóisialta a ró-íocadh | 58,300 | 49,071 | 59,423 |
| 3 | Aisíocaíocht suimeanna ón gCiste Árachais Shóisialaigh a íocadh i dtosach mar chúnamh sóisialta | 4,000 | 5,698 | 5,545 |
| 4 | Fáltais faoin bhforáil 'dliteanas chun teaghlach a chothabháil' i gCuid XII den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005 | 320 | 332 | 334 |
| 5 | Fáltais ó Oifig an Ard-Chláraitheora | 340 | 253 | 344 |
| 6 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí | 6,000 | 6,820 | 7,477 |
| 7 | Fáltais ó Chiste Sóisialta na hEorpa | 7,250 | 17 | 721 |
| 8 | Fáltais ón gCiste Náisiúnta Oiliúna (Fostaíocht Pobail) | 6,100 | 4,538 | 6,369 |
| 9 | Fáltais ón Údarás Pinsean – aoisliúntas foirne | 600 | 582 | 649 |
| 10 | Costais oibriúcháin an Aonaid Daoine gan Dídean – ranníocaíochtaí ó ghníomhaireachtaí seachtracha | — | 156 | 2,717 |
| 11 | Fáltais ó chuntais dhíomhaoine | 5,000 | 3,216 | 610 |
| 12 | Aisghabháil cúnaimh shóisialta ó éilimh árachais | 2,800 | 1,923 | 2,633 |
| 13 | Fáltais ón gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí | 4,500 | 5,235 | 3,507 |
| 14 | Ilghnéitheach | 1,000 | 1,720 | 776 |
| | **Iomlán** | **218,190** | **201,541** | **223,035** |

**Difríochtaí suntasacha**

Cuirtear i láthair sa mhéid seo a leanas na cúiseanna le difríochtaí suntasacha i bhfáltais (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €16.649 milliún ní ba mhó ná mar a measadh. Tugtar míniú ar na difríochtaí thíos:

**2 Aisghabhálacha cúnaimh shóisialta a ró-íocadh**

*Meastachán: €58.3 milliún, réadaithe €49.1 milliún*

Cumhdaítear san fho-mhírcheann seo an ghné sin d’aisghabhálacha ró-íocaíochtaí ó bhreis agus 40 scéim cúnaimh shóisialta a gcaitear leo mar ioncam. Bhí aisghabhálacha airgid thirim €32.6 milliún agus luach €17.4 milliún d’aisghabhálacha a asbhaineadh ó éilimh lúide ró-íocaíochtaí leithreasaí-i-gcabhair €900,000 i dtoradh 2020. D’eascair cor chun donais geilleagrach as paindéim Covid-19 ina raibh leibhéil mhéadaithe dífhostaíochta agus, mar gheall air seo, cuireadh stop leis an tóraíocht ar fhiachas a aisghabháil agus, dá bharr, d’imreodh sé tionchar ar aisghabhálacha in 2020. Tá filleadh ar obair i measc go leor daoine á éascú ag laghdú srianta Covid-19 agus tá súil leis go dtiocfaidh méadú dá réir ar aisghabháil fiachais.

**3 Aisíocaíocht suimeanna ón gCiste Árachais Shóisialaigh a íocadh i dtosach mar chúnamh sóisialta**

*Meastachán: €4 mhilliún, réadaithe €5.7 milliún*

Úsáidtear an fo-mhírcheann seo chun cúnamh sóisialta a aisghabhadh ón gCiste Árachais Shóisialaigh (CÁS) a chur i dtaifead sa chás go ndéantar an coigeartú idirscéime i ndiaidh dheireadh na bliana airgeadais. Mar shampla, áirítear leis custaiméirí a n-íoctar íocaíocht Liúntas bunúsach Leasa Forlíontach (LLF) leo (a mhaoinítear ó Vóta 37) fad a bhíonn feitheamh orthu le cinneadh faoina n-éileamh ar Shochar Breoiteachta, Pinsean Easláine nó Pinsean Stáit (Ranníocach). Aisghabhtar an tsuim de LLF bunúsach a íoctar ina dhiaidh sin ó CÁS nuair a bhíonn cinneadh déanta faoina n-éileamh ar Shochar Breoiteachta, Pinsean Easláine nó Pinsean Stáit (Ranníocach). Nuair a dhéantar cinneadh faoi i mbliain eile i ndiaidh an íocaíocht LLF bhunúsaigh a dhéanamh, cuirtear an aisghabháil ó CÁS i gcuntas mar ioncam faoin bhfo-mhírcheann seo.

Féadfaidh fáltais a bheith an-éagsúil ó mhí go mí. Idir €100,000 agus breis agus €1.8 milliún a bhí na fáltais mhíosúla in 2020, agus is deacair iad a thuar go cruinn dá bharr. Bunaíodh meastachán 2020 ar an treocht mheántéarmach ó 2016 go 2018 nuair a bhí fáltais cothrom le €4 mhilliún sa bhliain, ar an meán. Bhí na fáltais in 2020 €1.7 milliún ní b’airde ná an treocht seo, áfach.

**6 Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí**

*Meastachán: €6 mhilliún, réadaithe: €6.8 milliún*

Úsáidtear an fo-mhírcheann seo chun ranníocaíochtaí aoisliúntais breise a chur i dtaifead (tugadh an Tobhach Pinsin air seo roimhe seo) maidir le foireann a oibríonn sa Roinn.

Rinneadh foráil i gComhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí (CCSP) 2018 go 2020 do laghdú de réir a chéile ar thairseacha agus ar rátaí idir 2019 agus 2020. Rinneadh áibhéil i meastachán 2020 ar thionchar na laghduithe seo in 2020 agus bhí €800,000 sa bhreis i gceist leis an toradh ná an tsuim a ndearnadh soláthar di sa mheastachán.

**7 Fáltais ó Chiste Sóisialta na hEorpa**

*Meastachán: €7.2 milliún, réadaithe: €17,000*

Níor sheol an tÚdarás Bainistíochta éileamh na Roinne ar aghaidh a chumhdaigh na blianta ó 2015 go 2018 ar Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair agus JobsPlus in 2020, faoi mar a bhí súil leis. Tá éileamh na Roinne mar chuid d'éileamh comhiomlán a n-áirítear scéimeanna agus seirbhísí a sholáthraíonn Ranna eile leis freisin. Cé go raibh súil leis go seolfaí an t-éileamh ar aghaidh i rith 2020, titfidh seo amach, ina ionad sin, in 2021.

**8 Fáltais ón gCiste Náisiúnta Oiliúna (Fostaíocht Pobail)**

*Meastachán: €6.1 milliún, réadaithe: €4.5 milliún*

Úsáidtear an fo-mhírcheann seo chun an costas a fhorchúiteamh atá ar oiliúint a chur ar rannpháirtithe i bhFostaíocht Pobail (FP) agus sa Deontas Tacaíochta Oiliúna (DTO). Rinne fáltais maidir le Fostaíocht Pobail €3.3 milliún a réadú, a bhí €900,000 ní ba lú ná an tsuim a ndearnadh soláthar di sa mheastachán. B'ionann na fáltais maidir le rannpháirtithe sa Deontas Tacaíochta Oiliúna agus €1.2 milliún, nó bhí siad €700,000 ní ba lú ná an tsuim a ndearnadh soláthar di sa mheastachán.

Mar gheall gur imir Covid-19 tionchar tromchúiseach ar dheiseanna oiliúna agus fostaíochta i rith 2020, laghdaíodh go mór an líon rannpháirtithe i bhFostaíocht Pobail agus an líon cuardaitheoirí poist a atreoraíodh chuig cláir chun an bhearna scileanna a líonadh.

**10 Costais oibriúcháin an Aonaid Daoine gan Dídean – ranníocaíochtaí ó ghníomhaireachtaí seachtracha**

*Meastachán: €nialas, réadaithe: €156,000*

Cuireadh stop leis na seirbhísí a d'oibrigh an Roinn do dhaoine gan dídean thar ceann Chomhairle Cathrach Chorcaí an 18 Eanáir 2019. Bhí a mhacasamhail de shocrú i bhfeidhm le Comhairle Contae Chorcaí agus cuireadh stop leis an tseirbhís seo an 30 Meitheamh 2020. Cuireadh an caiteachas go léir ar íocaíochtaí ar riachtanais eisceachtúla faoi bhráid na n-údarás áitiúil ar bhonn rialta lena n-aisíoc, agus an fhreagracht a bhí ar an údarás áitiúil sa réimse seo á haithint. Mar gheall gur leanadh leis an tseirbhís a chur ar fáil i gceantair chontae go dtí gur ghlac Comhairle Contae Chorcaí freagracht aisti arís an 1 Iúil 2020, leanadh le fáltais a fháil ón gComhairle i rith go leor den bhliain 2020.

**11 Fáltais ó chuntais dhíomhaoine**

*Meastachán: €5 mhilliún, réadaithe: €3.2 milliún*

Maoinítear ionchuimsiú sóisialta a chur chun cinn do chúramóirí teaghlaigh agus cuardaitheoirí poist óga faoi mhíchumas faoin bhfo-mhírcheann seo. Bíonn go leor ama i gceist idir an tráth a dhéantar iarratas ar bheart cuntas díomhaoin, agus an tráth a chinntítear go bhfuil caiteachas vótáilte ar fáil mar chuid den phróiseas Meastachán, agus a fhaomhann an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail é, a chomhaontaítear ar chonradh idir Pobal, agus a dhéantar iarratais ó ghrúpaí a ghairm agus an nós imeachta measúnaithe agus dámhachtana ina dhiaidh sin.

Níl bealach ar bith ann tuar atá cruinn in aon chor a dhéanamh ar líon na n-iarratas a gheofar maidir le gairm ar thograí.

**12 Aisghabháil cúnaimh shóisialta ó éilimh árachais**

*Meastachán: €2.8 milliún, réadaithe: €1.9 milliún*

Úsáidtear an fo-mhírcheann seo chun fáltais a chur i dtaifead ó dhámhachtainí árachais maidir le faighteoirí Liúntais Míchumais. Féadfaidh fáltais a bheith an-éagsúil ó mhí go mí. B'ionann meánfháltais sa mhí in 2020 agus €160,000, ar laghdú €73,000 é seo ar na meánfháltais don bhliain 2019. B'éard ba phríomhchúis leis seo nár shuigh na cúirteanna ar feadh tréimhsí fada in 2020 mar gheall ar phaindéim Covid-19.

**13 Fáltais ón gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí**

*Meastachán: €4.5 milliún, réadaithe: €5.2 milliún*

Fuair an Roinn iarmhéid éileamh 2018, ar a raibh luach €250,000 in 2020. Sheol an Roinn dhá éileamh freisin in 2020 agus fuarthas aisíocaíocht €930,000 i mí Feabhra 2020 agus €4.05 milliún i mí na Nollag 2020, a mhéadaigh luach na bhfáltas iomlán aníos go €5.2 milliún. Cuireadh éileamh ar aisíocaíocht thuartha le haghaidh ráithe 1 de 2021 san áireamh in éileamh a rinneadh i mí na Nollag 2020 agus d'eascair ní ba mhó fáltas as seo ón gCiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (FEAD) ná mar a measadh.

**14 Ilghnéitheach**

*Meastachán: €1 mhilliún, réadaithe: €1.7 milliún*

Déantar soláthar san fho-mhírcheann seo d'fháltais bheaga nach gcumhdaítear in aon áit eile faoi fháltais leithreasaí-i-gcabhair agus nach raibh coinne leo nuair a bhí na meastacháin á n-ullmhú. Ba é an toradh in 2020 €1.7 milliún. Bhí seo €0.7 milliún ní ba mhó ná an tsuim a ndearnadh soláthar di sa mheastachán (€1 mhilliún). B'amhlaidh seo mar gheall gur aisghabhadh ró-íocaíocht €0.8 milliún in 2020 a tharla in 2019 a rinne Expressway Bus Éireann a rinne €0.1 milliún a fhritháireamh mar gheall ar réimse tosca fritháirimh.

## 4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste

| | 2020<br>€000 | 2019<br>€000 |
|---|---:|---:|
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | 6 | 8 |
| Airgead coinsiasa | 10 | 8 |
| Costais finné | 1 | 2 |
| Fíneálacha an Údaráis Pinsean | — | 12 |
| Suim a aistríodh chuig an Státchiste | (16) | (24) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **1** | **6** |

## 4.3 Aisghabháil ró-íocaíochtaí cúnaimh leasa

Tá an Lár-Aonad Fiachais (LAF) freagrach as aisghabháil ró-íocaíochtaí agus fiachais custaiméirí aonair a bhainistiú. Riarann an réimse scéime faoi seach bainistiú ró-íocaíochtaí agus aisghabhálacha fiachais a thagann chun solais ó chomhaontuithe caidrimh chonarthaigh nó seirbhíse le haonáin chorparáideacha a sholáthraíonn grúpscéimeanna, cosúil le Sochair Chóireála agus Fostaíocht Pobail.

B'ionann a leanas an staid achomair maidir le ró-íocaíochtaí cúnaimh leasa a bhainistigh an Lár-Aonad Fiachais (LAF) ag an 31 Nollaig 2020:

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | Toradh | | Toradh |
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Ró-íocaíochtaí nár íocadh ag an 1 Eanáir 2020 | | 381,195 | | 399,397 |
| Coigeartú [a] | | (4) | | — |
| Iarmhéid Tosaigh Coigeartaithe ag an 1 Eanáir 2020 | | 381,191 | | 399,397 |
| Glan-ró-íocaíochtaí a cuireadh i gcuntas | | | | |
| Calaois amhrasta | 17,829 | | 28,642 | |
| Earráid an éilitheora | 31,452 | | 35,957 | |
| Earráid oifigiúil | 918 | | 1,699 | |
| Cásanna eastáit | 25,826 | | 21,500 | |
| | | 76,025 | | 87,798 |
| | | 457,216 | | 487,195 |
| Lúide: | | | | |
| Suimeanna a aisghabhadh [b] | (56,604) | | (63,909) | |
| Coigeartú na n-aisghabhálacha [c] | 432 | | 619 | |
| | | (56,172) | | (63,290) |
| Fiachas na bliana roimhe a cealaíodh [d] | | (5,254) | | (7,610) |
| Suimeanna a díscríobhadh mar shuimeanna do-aisghabhála[e] | | (4,896) | | (35,100) |
| Ró-íocaíochtaí gan íoc ag an 31 Nollaig | | **390,894** | | **381,195** |

Nóta

[a] Déantar an t-iarmhéid tosaigh a choigeartú chun an t-iarmhéid a tugadh le fios a chur ar aon dul leis an liosta féichiúnaithe tosaigh ag an 1 Eanáir 2020.

[b] Déantar an anailís seo a leanas ar an méid fiachais a aisghabhadh in 2020:

(a) Breacadh €48.7 milliún in ioncam maidir le fiachas na mblianta roimhe seo.

(b) Breacadh €7.9 milliún in aghaidh caiteachais maidir le fiachas na bliana reatha.

[c] Rinneadh an coigeartú €432,000 maidir leis na haisghabhálacha a cuireadh i gcuntas i mblianta roimhe seo a cealaíodh in 2020.

[d] Is ionann fiachais chealaithe na mblianta roimhe seo €5,254,000 agus ró-íocaíochtaí a tugadh chun solais i mblianta roimhe seo a cealaíodh in 2020.

[e] Rinneadh fiachais iomlána €4.9 milliún a dhíscríobh mar chuid de ghnáthchúrsa an ghnó. Áirítear le díscríobh fiachais 2019 suimeanna a díscríobhadh de bhun tionscadal ar leith. Rinne an Roinn 7,802 chás a dhíscríobh ar a raibh luach €30.3 milliún ar measadh nárbh fhéidir iad a aisghabháil (Vóta: €26.5 milliún; CÁS: €3.8 milliún) mar thoradh ar thionscadal 2019.

# Nóta 5 Soláthair Foirne agus Luach Saothair

## 5.1 Líon na bhfostaithe

| **Coibhéisí lánaimseartha** | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| **Líon na foirne ag deireadh na bliana** | | |
| Roinn | 6,402 | 6,041 |
| Gníomhaireachtaí [a] | 157 | 137 |
| | **6,559** | **6,178** |

Nóta [a] Is éard atá i measc na ngníomhaireachtaí sa nóta seo an Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh agus an tÚdarás Pinsean.

## 5.2 Pá

| | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 297,019 | 294,607 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 1,025 | 1,248 |
| Liúntais eile | 348 | 356 |
| Ragobair | 4,097 | 2,914 |
| ÁSPC an Fhostóra | 20,743 | 19,704 |
| **Pá iomlán** | **323,232** | **318,829** |

**Luach saothair fhoireann na Roinne**

Tagraíonn na socruithe luach saothair seo a leanas do ghnéithe pá fho-mhírchinn A.1 (i), A.2 (viii) agus A.2 (ix).

| | **2020** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 288,422 | 286,740 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 914 | 1,078 |
| Liúntais eile | 348 | 356 |
| Ragobair | 4,097 | 2,914 |
| ÁSPC an Fhostóra | 19,858 | 18,920 |
| **Pá iomlán** | **313,639** | **310,008** |

**Luach saothair foirne gníomhaireachta**

| | **2020** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 8,597 | 7,867 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 110 | 170 |
| Liúntais eile | — | — |
| Ragobair | 1 | — |
| ÁSPC an Fhostóra | 885 | 784 |
| **Pá Iomlán** | **9,593** | **8,821** |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon faighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | | € | € |
| **Foireann na Roinne** | | | | |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 424 | 18 | 21,445 | 38,638 |
| Liúntais eile | 43 | 13 | 12,719 | 12,365 |
| Ragobair | 2,719 | 28 | 22,513 | 16,025 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 7 | 1 | 11,224 | 10,205 |
| **Foireann ghníomhaireachta** | | | | |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 20 | 2 | 17,839 | 16,238 |
| Ragobair | 1 | — | 733 | — |

## 5.4 Socruithe eile luach saothair

Ba é an costas a bhí ar an bhfoireann a bhí ag fónamh lasmuigh den Roinn in 2020 €600,000 maidir le 16 bhall foirne. Déanann an Roinn na costais seo a fhorchúiteamh ó na heagraíochtaí ábhartha.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

| ag an 31 Nollaig | Líon faighteoirí | 2020 €000 | 2019 €000 |
|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí* | 565 | 1,970 | 2,000 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm* | 279 | 1,023 | 1,061 |

Aistríodh 27 nduine aonair a raibh pleananna aisghabhála i bhfeidhm acu ar luach €19,858 chuig Ranna eile sa bhliain.

Nóta* Tá figiúirí 2019 athluaite do ró-íocaíochtaí agus do phleananna aisghabhála atá i bhfeidhm uathu siúd a nochtar i nóta 5.5 ró-íocaíochtaí párolla i gcuntas leithreasa 2019 (Ró-íocaíochtaí 2019 €2.4 milliún, Pleananna Aisghabhála atá i bhFeidhm €1.5 milliún). Is éard is cúis leis seo ná eolas níos cruinne a sholáthair ONSC.

## 5.6 Scaoilíocaíochtaí/íocaíochtaí iomarcaíochta

I rith 2020, íocadh íocaíochtaí iomarcaíochta dar luach iomlán €9,204 agus scaoilíocaíochtaí dar luach iomlán €18,926 le beirt bhall foirne ar cuireadh deireadh lena bhfostaíocht.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Costais chúitimh agus dlí

| | | | | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon na gcásanna | Costais dlí a d'íoc an Oifig | Cúiteamh a dámhadh | Costais dlí a dámhadh | Iomlán | Iomlán |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Éilimh ó fhostaithe na Roinne** | | | | | | |
| Díobhálacha pearsanta [a] | 17 | 64 | 213 | 14 | 291 | 293 |
| Sárú ar bheartais acmhainní daonna/ fostaíochta [b] | 2 | — | 15 | — | 15 | 44 |
| **Éilimh ó dhaoine den phobal** | | | | | | |
| Díobhálacha Pearsanta [c] | 8 | 56 | 60 | 67 | 183 | 74 |
| Scéimeanna Roinne [d] | 468 | — | 3,568 | 558 | 4,126 | 4,494 |
| Eile [e] | 3 | 68 | — | 10 | 78 | 1,182 |
| | | **188** | **3,856** | **649** | **4,693** | **6,087** |

Nótaí

[a] Idir €10 agus €106,500 a bhí na híocaíochtaí iomlána maidir le daoine aonair.

[b] Idir €5,000 agus €10,000 a bhí na costais iomlána. Bhain na cásanna le hOifigí Brainse a dhúnadh agus cásanna ceart fostaíochta.

[c] B'ionann na costais iomlána maidir le daoine aonair agus idir €369 agus €99,000.

[d] Íocadh suim €3.566 milliún le marthanóirí Neachtlanna Magdalen i rith 2020. Idir €14 agus €72,842 a bhí na híocaíochtaí. Íocaíochtaí ex-gratia a bhí i gceist leis an iarmhéid €560,000 a rinneadh le héilitheoirí maidir le híocaíochtaí cumhacht cheannaigh a chailleadh agus costais dlí. Ba í an íocaíocht aonair ba mhó €229,655.

[e] Idir €10,000 agus €46,637 a bhí na costais iomlána. Níor eisíodh sonraí faoi chás mar gheall ar chlásal neamhnochta. Baineann na costais eile le Comhairleoirí Dlí a bhí faoi chonradh ag an Roinn chun asláithreacht foirne a bhí ar saoire a chumhdach.

## 6.2 Maoiniú AE

Áirítear leis an toradh a léirítear i bhFo-mhírchinn A1 agus A.42 íocaíochtaí maidir le gníomhaíochtaí a chómhaoiníonn AE. Seo a leanas na meastacháin ar fháltais agus torthaí iarbhír a cuireadh i dtaifead i Nóta 4.1, fo-mhírchinn 7 agus 13.

| **Cur síos ar an bhfo-mhírcheann:** | **2020** | **2020** | **2019** |
|---|---|---|---|
| | **Meastachán** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| An Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí | 4,500 | 5,235 | 3,507 |
| Ciste Sóisialta na hEorpa, Clár Infhostaitheachta, Ionchuimsithe agus Foghlama/Seirbhísí Eorpacha Fostaíochta | 7,250 | 17 | 531 |
| Ciste na Saoráide um Chónascadh na hEorpa | — | — | 190 |

**An Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí**

Fuarthas maoiniú €5.2 milliún ó AE maidir le clár an Chiste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (FEAD), rud a thacaíonn le gníomhartha thíortha AE chun cúnamh ábhartha a sholáthar (bia agus éadaí ina measc) dóibh siúd is mó is díothaí. Tabhaíodh caiteachas €19.9 milliún nuair a bhí an clár seo á oibriú a fhad le Nollaig 2020. Soláthraíonn AE maoiniú do na Ballstáit agus cuireann na Ballstáit 15% de luach an mhaoinithe seo, ar a laghad, leis. Tá an caiteachas incháilithe a fhad leis an 31 Nollaig 2023.

**Ciste Sóisialta na hEorpa, Clár Infhostaitheachta, Ionchuimsithe agus Foghlama agus Seirbhísí Eorpacha Fostaíochta**

Is é Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE) ionstraim airgeadais an Aontais Eorpaigh chun infheistíocht a dhéanamh i ndaoine. Is é misean CSE cabhrú le dífhostaíocht a chosc agus a chomhrac, na scileanna a thabhairt do lucht saothair agus cuideachtaí na hEorpa chun tabhairt faoi dhúshláin nua agus cosc a chur ar dhaoine teagmháil a chailleadh leis an margadh saothair. Fuarthas an fáltas €17,178 seo ó AE maidir le EURES chun saorghluaiseacht oibrithe a éascú ar fud limistéar AE/ LEE. Eagraíonn an Coimisiún Eorpach EURES go lárnach agus riarann an tSeirbhís Fostaíochta Poiblí é sna Ballstáit.

Baineann fáltais faoin dá mhírcheann seo le héilimh Sheirbhísí Eorpacha Fostaíochta (EURES) do na blianta 2015, 2016 agus 2017. Cómhaoiníonn AE an clár seo ar bhonn 50% trí CSE.

**Ciste na Saoráide um Chónascadh na hEorpa**

Bhí SCE le cabhrú leis na Ballstáit Malartú Leictreonach Faisnéise Slándála Sóisialaí a chur i bhfeidhm go náisiúnta. Bhí RCS agus FSS ag oibriú as lámh a chéile chun seo a chur i bhfeidhm. Deontas aonuaire a bhí anseo a cuireadh ar fáil i Meitheamh 2019.

## 6.3 Íocaíochtaí úis déanacha

| | **2020** | **2019** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Íocaíochtaí úis | **12** | **4** |

## Aguisín A An Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí - Achoimre ar Chaiteachas Clár

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | **€milliún** | **€milliún** |
| **Vóta 37** | | |
| **Ollchaiteachas** | **16,472** | **10,871** |
| | | |
| **Lúide caiteachas neamhscéime** | | |
| Riarachán | (536) | (541) |
| Deontas don Bhord um Fhaisnéis do Shaoránaigh | (56) | (57) |
| Seirbhísí ilghnéitheacha agus Deontais don Choimisiún um Pá Íseal | (4) | (3) |
| **Caiteachas scéime Vóta 37 (A)** | **15,876** | **10,270** |
| | | |
| **An Ciste Árachais Shóisialaigh** | | |
| **Ollchaiteachas** | **14,823** | **10,727** |
| | | |
| **Lúide caiteachas neamhscéime** | | |
| Riarachán | (221) | (230) |
| Tobhach Náisiúnta Oiliúna | (717) | (712) |
| **Caiteachas scéime an Chiste Árachais Shóisialaigh (B)** | **13,885** | **9,785** |
| | | |
| **Caiteachas iomlán scéime na Roinne (A+B)** | **29,761** | **20,055** |

## Miondealú ar chaiteachas scéime

| Íocaíochtaí de réir scéime agus catagóire | 2020 €milliún | 2019 €milliún |
|---|---|---|
| **Pinsin** | | |
| Pinsin Stáit (Ranníocach) | 5,835 | 5,603 |
| Pinsin Stáit (Neamh-Ranníocach) | 1,049 | 1,043 |
| Pinsean Baintrí/Baintreach Fir/Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh | 1,586 | 1,559 |
| Deontas Méala | — | 1 |
| **Iomlán** | **8,470** | **8,206** |
| | | |
| **Aois Oibre - Tacaí Ioncaim** | | |
| Liúntas Cuardaitheora Poist | 1,657 | 1,628 |
| Íocaíocht Teaghlach Aontuismitheora | 565 | 533 |
| Sochar Cuardaitheora Poist | 416 | 346 |
| Sochar Iomarcaíochta agus Dócmhainneachta | 48 | 32 |
| Sochar Máithreachais | 258 | 267 |
| Sochar Atharthachta, Sochar Tuismitheoirí agus Sochar Uchtaíoch | 19 | 14 |
| Liúntas Bunúsach Leasa Forlíontach | 115 | 120 |
| Cúnamh Feirme | 66 | 69 |
| Sochar Banchéile Thréigthe | 68 | 72 |
| Aois Oibre Eile – Tacaí Ioncaim | 18 | 18 |
| Íocaíochtaí ar Riachtanais Eisceachtúla agus Phráinneacha | 41 | 43 |
| Sochair Chóireála agus Sochar Sláinte agus Sábháilteachta | 92 | 101 |
| Pinsean Baintrí/Baintreach Fir/Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Neamh-Ranníocach) | 14 | 14 |
| Liúntas Banchéile Thréigthe | 1 | 1 |
| Íocaíocht Dífhostaíochta Phaindéim Covid-19 | 4,979 | — |
| **Iomlán** | **8,357** | **3,258** |
| | | |
| **Íocaíochtaí Forlíontacha** | | |
| Liúntas Cíosa | — | 1 |
| An Ciste um Chabhair Eorpach do na Daoine is Díothaí (FEAD) | 5 | 5 |
| Neachtlanna Magdalen agus Íocaíochtaí Institiúidí eile | 4 | 4 |
| Forlíonadh Cíosa | 133 | 125 |
| Pacáiste Sochair Teaghlaigh | 263 | 247 |
| Liúntas Tacaíochta Gutháin | 18 | 17 |
| Liúntas Breosla | 290 | 235 |
| Saorthaisteal | 95 | 94 |
| **Iomlán** | **808** | **728** |
| | | |
| **Aois Oibre - Tacaí Fostaíochta** | | |
| Clár Fostaíochta Pobail | 341 | 353 |
| Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas | 66 | 65 |
| Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair | 39 | 60 |
| Scéim Socrúchán Oibre Pobail TÚS | 84 | 99 |
| JobsPlus | 5 | 14 |
| Aois Oibre Eile – Tacaí Fostaíochta | 12 | 8 |
| An Scéim Tacaíochta d'Fhostaíocht Óige | 2 | 2 |

| | | |
|---|---|---|
| Scéim Shóisialta Tuaithe | 53 | 53 |
| Tionscnamh Post | 15 | 17 |
| Scéim Fostaíochta Áitiúla | 18 | 18 |
| Club Post | 4 | 5 |
| Sochar Cumais Pháirtigh | 25 | 21 |
| Fóirdheontas Pá Covid-19 | 2,707 | — |
| Scéim Fóirdheontais Pá Fostaíochta | 1,371 | — |
| **Iomlán** | **4,742** | **715** |
| | | |
| **Breoiteacht, Míchumas agus Cúramóirí** | | |
| Liúntas Míchumais | 1,812 | 1,706 |
| Sochar Breoiteachta | 650 | 605 |
| Pinsean Easláine | 760 | 728 |
| Íocaíocht Cúramóra | 975 | 905 |
| Deontas Tacaíochta Cúramóra | 228 | 220 |
| Liúntas Cúram Baile | 193 | 182 |
| An Scéim Fóirdheontais Pá | 18 | 24 |
| Sochar Míthreorach | 70 | 73 |
| Pinsean na nDall | 13 | 13 |
| Sochar Báis | 10 | 10 |
| Sochar Díobhála agus Cúram Leighis | 12 | 14 |
| Tacaí Gníomhachtaithe Míchumais | 14 | 14 |
| **Iomlán** | **4,755** | **4,494** |
| | | |
| **Leanaí** | | |
| Sochar Linbh | 2,102 | 2,103 |
| Íocaíocht Teaghlaigh Oibre | 377 | 397 |
| Díbhinn Teaghlaigh um Fhilleadh ar Obair | 13 | 18 |
| Liúntas Éadaí agus Coisbhirt chun Filleadh ar Scoil | 54 | 53 |
| Béilí Scoile | 53 | 54 |
| Íocaíochtaí a bhaineann le Leanaí | 30 | 29 |
| **Iomlán** | **2,629** | **2,654** |
| | | |
| **Glanchaiteachas ar na scéimeanna go léir** | **29,761** | **20,055** |

## Aguisín B Cuntais comhlachtaí agus cistí atá faoi choimirce na Roinne Coimirce Sóisialaí

Liostaítear sa tábla seo a leanas na comhlachtaí agus na cistí atá faoi choimirce na Roinne agus ar ina leith atá oibleagáid ar an Roinn ráitis airgeadais a chur i láthair. Tugtar le fios ann, ag an dáta a síníodh an cuntas, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais dheireanacha a ndearnadh iniúchadh orthu agus an dáta a cuireadh faoi bhráid an Oireachtais iad.

| Comhlacht/ciste Roinne | Tréimhse chuntasaíochta dheireanach | Dáta na tuarascála iniúchóireachta | An dáta a fuair an tAire/an Roinn í | An dáta ar cuireadh faoi bhráid an Oireachtais í |
|---|---|---|---|---|
| An Ciste Árachais Shóisialaigh | 2019 | 31 Lún 2020 | 31 Lún 2020 | 6 Sam 2020 |
| An tÚdarás Pinsean | 2020 | 28 Mei 2021 | 30 Mei 2021 | 24 Lún 2021 |
| An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh | 2019 | 17 Nol 2020 | 23 Nol 2020 | 12 Fea 2021 |